Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11454/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0223(COD)**

**CODEC 1275**
**TRANS 294**
**CLIMA 335**
**ECOFIN 728**
**AVIATION 133**
**MAR 92**
**ENV 804**
**ENER 427**
**IND 362**
**COMPET 723**
**PE 78**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 10–13 Iúil 2023) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú Comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhad seo ar an gcéad léamh.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN), Karima DELLI (Na Glasaigh/SCE, FR), leasú comhréitigh (leasú 307) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, a raibh dréacht-tuarascáil ullmhaithe ina leith ag Petar VITANOV (S&D, BG). Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 11 Iúil 2023, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 307) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ' ▌ ' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2023)0261

## Imscaradh bonneagair breoslaí malartacha

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2021)0559 – C9-0331/2021 – 2021/0223(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0559),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0331/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Tionól Náisiúnta na Fraince, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 9 Nollaig 2021[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 26 Eanáir 2022[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 26 Aibreán 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0234/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é[3];

---

[1] IO C 152, 6.4.2022, lch. 138.
[2] IO C 270, 13.7.2022, lch. 38.

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[3] Cuirtear an seasamh seo in ionad na leasuithe arna nglacadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 (IO C 149, 28.4.2023, lch. 199).

**P9_TC1-COD(2021)0223**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 11 Iúil 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

**1** IO C *152, 6.4.2022, lch. 138.*
**2** IO C *270, 13.7.2022, lch. 38.*
**3** Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagadh síos creat le haghaidh imscaradh bonneagair breoslaí malartacha. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal ‘Sustainable and Smart Mobility Strategy — putting European transport on track for the future’ [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste — iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí] (‘Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste’), cuirtear béim ar fhorbairt mhíchothrom an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe ar fud an Aontais agus ar an easpa idir-inoibritheachta agus soláimhsitheachta don úsáideoir. Luaitear ann gurb é is toradh ar an easpa modheolaíocht choiteann shoiléir chun spriocanna a shocrú agus bearta a ghlacadh faoi na creataí beartais náisiúnta a cheanglaítear le Treoir 2014/94/AE go bhfuil éagsúlacht mhór ann i measc na mBallstát sa leibhéal uaillmhéine maidir le spriocanna a shocrú agus tacaíocht a thabhairt do bheartais. ***Chuir na difríochtaí sin bac ar líonra cuimsitheach iomlán de bhonneagar breoslaí malartacha a bhunú ar fud an Aontais.***

(2) Socraíodh spriocanna cheana le haghaidh breoslaí in-athnuaite i ndlí an Aontais. Mar shampla, le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] socraítear an sprioc go mbeidh sciar 14 % den mhargadh breoslaí iompair ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite.

---

[4] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).

[5] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(3) Le Rialacháin (AE) 2019/631[6] agus (AE) 2019/1242[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua mar aon le caighdeáin le haghaidh feithiclí tromshaothair nua áirithe. Leis na Rialacháin sin, ba cheart dlús a chur le glacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha go háirithe agus ar an gcaoi sin chruthófaí éileamh ar bhonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe. ***Tá sé tábhachtach go n-áiritheofaí le Rialacháin (AE) 2019/631 agus (AE) 2019/1242 agus leis an Rialachán seo creat comhleanúnach maidir le húsáid agus imscaradh breoslaí malartacha san iompar de bhóthar.***

---

**6** Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí ***$CO_2$*** do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

**7** Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí ***$CO_2$*** d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

(4) Ba cheart do Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe agus Rialachán (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [8+]borradh a chur faoi tháirgeadh agus faoi ghlacadh breoslaí malartacha inbhuanaithe san eitlíocht agus sa mhuiriompar. Cé gur féidir le riachtanais úsáide breoslaí le haghaidh breoslaí inbhuanaithe eitlíochta brath go mór ar an mbonneagar athbhreoslaithe atá ann cheana, tá gá le hinfheistíochtaí le haghaidh an leictreachais a sholáthraítear d'aerárthaí ar stad. Leagtar síos ceanglais i Rialachán (AE).../...[++] go háirithe maidir le cumhacht ar tír a úsáid, ceanglais nach féidir a chomhlíonadh ach amháin má úsáidtear leibhéal leordhóthanach soláthair ***leictreachais cois cladaigh*** i gcalafoirt an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T). Níl aon cheanglais sna Rialacháin sin, áfach, maidir le bonneagar breosla, cé gur réamhriachtanas iad na ceanglais sin chun na spriocanna a bhaint amach.

**8** Rialachán (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L..., ..., lch. ...).

\+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad PE-CONS 26/23 (2021/0210 (COD)) agus cuir isteach uimhir, dáta, agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

++ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá sa doiciméad PE-CONS 26/23 (2021/0210(COD)).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na modhanna iompair ar fad in ionstraim aonair dhlíthiúil, ar ionstraim í inar cheart cineálacha éagsúla breoslaí malartacha a chur san áireamh. Maidir leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí gléasra cumhachta astaíochtaí nialasacha, tá an úsáid sin ag céimeanna éagsula aibíochta i gcás na modhanna dhifriúla iompair agus ***sna Ballstáit éagsúla***. Tá an líon feithiclí ceallra-leictreacha agus an líon feithiclí hibrideacha inluchtaithe ag méadú go tapa san earnáil bóithre go háirithe. Tá feithiclí faoi thiomáint hidrigine ar fáil ar an margadh freisin. Ina theannta sin, tá soithí faoi thiomáint hidrigine agus soithí ceallra-leictreacha níos lú agus traenacha faoi thiomáint hidrigine á n-imscaradh i dtionscadail dhifriúla agus sna chéad oibríochtaí tráchtála faoi láthair, agus tá coinne lena gcur i bhfeidhm tráchtála iomlán sna blianta atá amach romhainn. I gcodarsnacht leis sin, tá na hearnálacha eitlíochta agus uisce-iompair fós ag brath ar bhreoslaí leachtacha agus gásacha, ós rud é go meastar nach dtiocfaidh réitigh gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha agus réitigh gléasraí cumhachta astaíochtaí ísle isteach sa mhargadh go dtí thart ar 2030 nó fiú níos déanaí, go háirithe i gcás earnáil na heitlíochta, toisc go dtógfaidh sé  am tráchtálú iomlán a dhéanamh. Ní féidir breoslaí iontaise gásacha nó leachtacha a úsáid ach amháin má leabaítear go soiléir ar chonair dhícharbónaithe iad atá i gcomhréir le cuspóir fadtéarmach aeráidneodrachta an Aontais, cuspóir lena n-éilítear go méadófar an cumasc le breoslaí in-athnuaite nó go gcuirfear breoslaí in-athnuaite in ionad breoslaí iontaise, mar shampla, bithmheatán, bithbhreoslaí forbartha nó breoslaí sintéiseacha gásacha nó leachtacha atá pairifíneach, in-athnuaite agus íseal ó thaobh carbóin de.

(6) Is féidir bithbhreoslaí, breoslaí sintéiseacha agus pairifíneacha den sórt sin, a chuirtear in ionad díosail, peitril agus breoslaí eitlíochta, a tháirgeadh ó amhábhair dhifriúla agus is féidir iad a chumasc le breoslaí iontaise ag cóimheasa cumaisc an-ard. ***Tá tábhacht ar leith ag baint leis na breoslaí sin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha na heitlíochta agus an iompair mhuirí, ar earnálacha ina bhfuiltear ag súil leis go mbeidh moill i leith an leictrithe.*** Tá ***na breoslaí sin*** comhréireach go teicniúil le teicneolaíocht feithicle atá ann faoi láthair ach roinnt mionathruithe a dhéanamh. Thairis sin, is féidir meatánól in-athnuaite a úsáid, i measc nithe eile, le haghaidh loingseoireacht intíre agus loingseoireacht ghearrthurais. D'fhéadfadh breoslaí sintéiseacha agus breoslaí pairifíneacha úsáid foinsí breosla iontaise san earnáil iompair a laghdú. Is féidir na breoslaí sin ar fad a dháileadh, a stóráil agus a úsáid leis an mbonneagar atá ann cheana nó i gcás inar gá le bonneagar den chineál céanna.

(7) Is dócha go leanfaidh ***meatán leachtaithe*** de ról a bheith aige in iompar muirí, i gcás nach bhfuil aon teicneolaíocht gléasra cumhachta astaíochtaí nialasacha atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de ar fáil faoi láthair. ***Mar sin féin, ba cheart meatán leachtaithe ó fhoinsí iontaise a chéimniú amach sa mhuiriompar a luaithe is féidir agus roghanna malartacha níos inbhuanaithe a chur ina ionad.*** Luaitear sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste go mbeidh soithí farraige astaíochtaí nialasacha réidh don mhargadh faoi 2030 ***agus tá na tionscadail sin ar siúl cheana féin.*** Tá sé beartaithe go ndéanfar cabhlaigh a thiontú de réir a chéile mar gheall ar shaolré fhada long farraige. I gcodarsnacht leis an staid mar atá san iompar muirí, tá iompar d'uiscebhealaí intíre, a mbíonn soithí beaga de ghnáth iontu agus achair níos giorra, teicneolaíochtaí gléasraí cumhachta nialasacha amhail hidrigin agus leictreachas, ***ag teacht chun bheith ina dteicneolaíochtaí aibí*** agus táthar ag súil go rachaidh siad isteach sna margaí níos tapa. Mar sin féin, d'fhéadfadh ***ról tábhachtach a bheith ag na teicneolaíochtaí gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha sin san iompar muirí ó thaobh scála a chruthú maidir le réitigh tiomána astaíochtaí nialasacha.*** Meastar nach mbeidh ról tábhachtach ag ***meatán leachtaithe*** san earnáil sin a thuilleadh. Is gá breoslaí iompair amhail ***meatán leachtaithe*** a dhícharbónú níos mó agus níos mó trí chumasc a dhéanamh ar, mar shampla, bhithmheatán leachtaithe nó ríomhbhreoslaí gásacha sintéiseacha in-athnuaite agus ísealcharbóin (r-ghás) nó  bithmheatán leachtaithe nó ríomhbhreoslaí gásacha sintéiseacha in-athnuaite agus ísealcharbóin (r-ghás)chur ina n-ionad. Is féidir an bonneagar céanna ina n-úsáidtear breoslaí iontaise a úsáid i gcás na mbreoslaí dícharbónaithe, rud a fhágann gur féidir aistriú de réir a chéile i dtreo breoslaí dícharbónaithe.

(8) In earnáil an iompair tromshaothair de bhóthar, tá ***teicneolaíochtaí le haghaidh*** trucailí ***meatáin leachtaithe*** aibí go hiomlán. Leis na cásanna coiteanna atá mar bhonn agus mar thaca ag an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Stepping up Europe's 2030 climate ambition — Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people' [Dlús a chur le huaillmhian 2030 na hEorpa maidir leis an aeráid — Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas ár ndaoine] (an 'Plean um Sprioc Aeráide') chomh maith leis na cásanna samhaltaithe pacáiste athbhreithnithe 'Oiriúnach do 55', tugtar le fios go bhfuil ról teoranta ag breoslaí gásacha, a dhícharbónófar níos mó agus níos mó in iompar tromshaothair de bhóthar agus go háirithe sa deighleog cianaistir. Thairis sin, táthar ag súil go ndéanfar gléasraí cumhachta astaíochtaí nialasacha a chur in ionad feithiclí gáis peitriliam leachtaithe (GPL) agus gáis nádúrtha chomhbhrúite, a bhfuil líonra leordhóthanach bonneagair ann dóibh cheana ar fud an Aontais agus, dá bhrí sin, meastar nach bhfuil gá ach le beartas teoranta spriocdhírithe maidir le bonneagar ***meatáin leachtaithe*** a chur in úsáid ar féidir breoslaí dícharbónaithe a sholáthar chomh maith chun na bearnaí atá fágtha sna príomhghréasáin a dhúnadh.

***(9) Leis an Rialachán seo, ba cheart spriocanna íosta éigeantacha a leagan síos maidir himscaradh bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana go poiblí d'fheithiclí bóthair.***

(*10*) ***Is éard is stáisiún athluchtaithe ann suiteáil fhisiceach chun feithiclí leictreacha a athluchtú. Tá aschur cumhachta uasta teoiriciúil ag gach stáisiún athluchtaithe, arna shloinneadh in kW agus tá pointe athluchtaithe amháin ar a laghad aige nach féidir freastal ach ar fheithicil amháin sa turas. Is ar bonn líon na bpointí athluchtaithe atá ag stáisiún athluchtaithe a chinntear líon na bhfeithiclí is féidir a athluchtú ag an stáisiún sin ag aon am ar leith. I gcás ina n-athluchtaítear níos mó ná feithicil amháin ag an stáisiún athluchtaithe ag aon am ar leith, dáiltear an t-aschur uasta cumhachta ar na pointí difriúla athluchtaithe ar bhealach go bhfuil an chumhacht a sholáthraítear ag gach pointe aonair athluchtaithe níos lú ná aschur cumhachta an stáisiúin athluchtaithe sin. Is éard atá i gceist le comhthiomsú athluchtaithe ná stáisiún athluchtaithe amháin nó níos mó ag suíomh ar leith, lena n-áirítear, de réir mar a bheidh, na spásanna páirceála tiomnaithe atá cóngarach dóibh. Maidir leis na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán seo le haghaidh comhthiomsuithe athluchtaithe, d'fhéadfadh stáisiún athluchtaithe amháin nó níos mó an t-aschur íosta cumhachta is gá a sholáthar le haghaidh na gcomhthiomsuithe athluchtaithe.***

(*11*) ***Mar shampla, áirítear le pointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal pointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe príobháideacha atá inrochtana don phobal agus atá suite ar mhaoin phoiblí nó ar mhaoin phríobháideach, amhail limistéir pháirceála phoiblí nó limistéir pháirceála ollmhargaí. Maidir le pointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe atá suite ar mhaoin phríobháideach atá inrochtana don phobal i gcoitinne ba cheart é a mheas mar phointe atá inrochtana don phobal freisin i gcásanna ina dteorannaítear rochtain do ghrúpa ginearálta áirithe úsáideoirí, mar shampla, do chliaint. Níor cheart pointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe le haghaidh scéimeanna roinnte gluaisteán a mheas mar phointí atá inrochtana don phobal ach amháin má cheadaítear go sainráite rochtain le haghaidh úsáideoirí tríú páirtí. Maidir le pointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe atá suite ar mhaoin phríobháideach, a dteorannaítear rochtain orthu do ghrúpa teoranta cinnte daoine, mar shampla spásanna páirceála i bhfoirgneamh oifige nach bhfuil inrochtana ach d'fhostaithe nó do dhaoine údaraithe, níor cheart iad a mheas mar phointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal.***

***(12)*** ***D'fhonn áisiúlacht a mhéadú le haghaidh tomhaltóirí, tá sé tábhachtach go n-áiritheoidh oibreoirí pointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal go bhfreastalóidh uaireanta oscailte agus aga fónaimh a gcuid seirbhísí go hiomlán ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh.***

(13) Imscaradh go míchothrom ar fud an Aontais bonneagar athluchtaithe, atá inrochtana don phobal, le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim. Chuirfeadh dáileadh míchothrom leanúnach an bhonneagair athluchtaithe atá inrochtana don phobal glacadh feithiclí leictreacha saothair éadroim i mbaol, rud a chuirfeadh teorainn leis an nascacht ar fud an Aontais. Ní chuirtear isteach ar aistriú inbhuanaithe na hearnála iompair a bhfuil géarghá leis ná ní rannchuidítear leis an gcinnteacht fhadtéarmach is gá le haghaidh infheistíocht shubstainteach sa mhargadh a chruthú má leantar den éagsúlacht sna huaillmhianta agus sna cuir chuige beartais ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do spriocanna íosta sainordaitheacha le haghaidh na mBallstát ar an leibhéal náisiúnta treoshuíomhanna beartais a sholáthar agus creataí beartais náisiúnta a chomhlánú. Leis an gcur chuige sin ba cheart spriocanna atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta a thabhairt le chéile le spriocanna acharbhunaithe le haghaidh TEN-T. Le spriocanna atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta ba cheart a áirithiú go ndéantar glacadh feithiclí leictreacha saothair éadroim i ngach Ballstát a chomhoiriúnú le himscaradh bonneagair athluchtaithe leordhóthanaigh atá inrochtana don phobal. Le spriocanna acharbhunaithe le haghaidh an ghréasáin TEN-T ba cheart a áirithiú go gcumhdaítear go hiomlán na pointí athluchtaithe feadh phríomhghréasáin bóithre an Aontais agus ar an gcaoi sin, taisteal éasca rianúil ar fud an Aontais a áirithiú.

(14) Ba cheart spriocanna atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta a bhunú ar bhonn líon iomlán na bhfeithiclí leictreacha atá cláraithe sa Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart na spriocanna sin a bhunú ar bhonn modheolaíocht chomhchoiteann arb é is cúis léi forbairtí teicneolaíocha amhail raon méadaithe tiomána feithiclí leictreacha nó méadú ar líon na bpointí athluchtaithe tapa, ag a bhféadfar líon níos mó feithiclí leictreacha a athluchtú ná ag pointe athluchtaithe gnáthchumhachta ag tréimhse ar leith. Leis an modheolaíocht choiteann sin freisin, ní mór na patrúin dhifriúla athluchtaithe a bhaineann le feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí hibride inluchtaithe a chur san áireamh freisin. Maidir le modheolaíocht lena leagtar amach spriocanna atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta maidir le haschur uasta cumhachta an bhonneagair athluchtaithe atá inrochtana don phobal, ba cheart solúbthacht a bheith sa mhodheolaíocht sin chun teicneolaíochtaí athluchtaithe difriúla a chur chun feidhme sna Ballstáit.

(15) Ba cheart go n-áiritheofaí le cur chun feidhme na spriocanna atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta ag na Ballstáit go ndéanfar líon leordhóthanach pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal a shuiteáil ar ***bhealach lena ráthaítear inrochtaineacht pointí athluchtaithe ina gcríoch iomlán freisin***, go háirithe ag stáisiúin iompair phoiblí, amhail críochfoirt phaisinéirí calafoirt, aerfoirt nó stáisiúin iarnróid. ***Tá tábhacht ar leith ag baint le himscaradh na bpointí athluchtaithe sin atá inrochtana don phobal i limistéir chónaithe ina bhfuil páirceáil lasmuigh den tsráid gann agus i limistéir ina mbíonn, de ghnáth, feithiclí páirceáilte ar feadh tréimhsí fada ama.*** Ba cheart líon leordhóthanach pointí mearluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim agus atá inrochtana don phobal a imscaradh chun áisiúlacht a mhéadú le haghaidh tomhaltóirí go háirithe ar fud an ghréasáin TEN-T chun nascacht iomlán trasteorann a áirithiú agus chun go mbeidh feithiclí leictreacha in ann gluaiseacht ar fud an Aontais. ***Tá sé tábhachtach gur toradh ar infheistíocht sa mhargadh príobháideach go príomha é bonneagar athluchtaithe atá inrochtana don phobal a imscaradh. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, faoi réir rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe is gá atá inrochtana go poiblí i gcásanna ina bhfuil gá le tacaíocht phoiblí, de bharr dhálaí an mhargaidh, go dtí go mbeidh margadh lániomaíoch bunaithe.***

***(16) Ag brath ar na himthosca sonracha i mBallstát, d'fhéadfadh sé nach mbeadh údar a thuilleadh leis na ceanglais maidir le leibhéal an aschuir chumhachta iomláin sheasta atá le soláthar trí stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh gach feithicle ceallra-leictreacha saothair éadroim arna clárú sa Bhallstát sin i gcásanna ina bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag na ceanglais sin trí infheistíochtaí príobháideacha a dhíspreagadh nó, go háirithe, trí rósholáthar a bheith mar thoradh orthu sa mheántéarma. D'fhéadfadh an riosca go mbeadh éifeachtaí drochracha den sórt sin ann mar gheall ar líon ard pointí athluchtaithe príobháideacha a shuiteáil. D'fhéadfadh riachtanais na n-úsáideoirí nó ráta úsáide na stáisiún athluchtaithe atá inrochtana don phobal a bheith níos ísle i gcomparáid le toimhdí tosaigh, agus is é an toradh air sin go sroicheann an t-aschur iomlán cumhachta atá ar fáil trí stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal leibhéal díréireach ard i gcomparáid le húsáid iarbhír na stáisiún sin. Sna cásanna sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann údarú a iarraidh chun ceanglais atá níos ísle ná na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ó thaobh leibhéal an aschuir cumhachta iomláin de nó scor de cheanglais den sórt sin a chur i bhfeidhm. Chun go mbeidh an Ballstát in ann iarraidh den sórt sin a dhéanamh, ba cheart 15 % ar a laghad a bheith sroichte ag sciar na bhfeithiclí ceallra-leictreacha saothair éadroim i gcomparáid le flít iomlán na bhfeithiclí saothair éadroim atá cláraithe sa Bhallstát agus ba cheart don Bhallstát údar cuí a thabhairt lena iarraidh.***

***(17)*** ***Mar chuid den athbhreithniú ar an Rialachán seo, tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le ceanglais a chur san áireamh maidir le bonneagar athluchtaithe chun freastal ar rothair chumhachtchúnta leictreacha agus feithiclí de chatagóir L amhail rothair leictreacha chumhachtaithe agus móipéidí leictreacha, agus go háirithe an deis chun bonneagar athluchtaithe a fheistiú le soicéad cumhachta teaghlaigh a fhágann gur féidir feithiclí den sórt sin a luchtú go héasca, ós rud é gur modh iompair iad lenar féidir astaíochtaí $CO_2$ agus truailliú aeir a laghdú tuilleadh.***

▌

(18) Is fada óna chéile go sainiúil an bonneagar athluchtaithe a theastaíonn ó fheithiclí leictreacha tromshaothair an bonneagar athluchtaithe a theastaíonn ó fheithiclí leictreacha saothair éadroim. Faoi láthair, áfach, níl aon bhonneagar ar fáil, nach mór, a bhfuil rochtain ag an bpobal air le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair san Aontas ***agus ní mór dlús a chur le himscaradh an bhonneagair sin***. Le cur chuige comhcheangailte maidir ***le spriocanna acharbhunaithe feadh an ghréasáin TEN-T, agus idirdhealú iomchuí á dhéanamh idir an croíghréasán TEN-T agus an gréasán cuimsitheach TEN-T,*** ba cheart go n-áiritheofaí le spriocanna maidir le bonneagar athluchtaithe thar oíche agus spriocanna ag nóid uirbeacha go mbunófar cumhdach leordhóthanach bonneagair athluchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair ar fud an Aontais chun tacú leis an ***méadú a mheastar a thiocfaidh ar an sciar den mhargadh*** ar fheithiclí ceallra-leictreacha tromshaothair.

(19) Ba cheart líon leordhóthanach pointí athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí tromshaothair agus atá inrochtana don phobal a imscaradh feadh an ghréasáin TEN-T chun nascacht iomlán ar fud an Aontais a áirithiú. Ba cheart go mbeadh aschur cumhachta leordhóthanach ag an mbonneagar sin le haghaidh feithicilí tromshaothair a athluchtú laistigh d'am sosa dlíthiúil an tiománaí. ***Chun go n-áireofar an t-am is gá chun bonneagar athluchtaithe a phleanáil, a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena bhféadfaí a áireamh leis sin an eangach leictreachais a leathnú nó a uasghrádú i limistéir áirithe, talamh a fháil, údaruithe comhshaoil, agus, más gá, conarthaí poiblí a dhámhachtain, agus chun oiriúnú do ghlacadh forchéimnitheach na bhfeithiclí leictreacha tromshaothair, ba cheart bonneagar athluchtaithe atá inrochtana don phobal a imscaradh de réir a chéile ó 2025 ar aghaidh d'fhonn an gréasán TEN-T ina iomláine a chumhdach faoi 2030***.

***(20) Chun bonneagar athluchtaithe a imscaradh feadh an ghréasáin bóithre TEN-T, ba cheart na stáisiúin athluchtaithe uile atá le himscaradh feadh an ghréasáin bóithre TEN-T a bheith suite ar an ngréasán bóithre TEN-T nó laistigh den fhad tiomána 3 km ón mbealach amach is gaire do bhóthar TEN-T.***

*(21) Tá codanna den ghréasán TEN-T á n-uasghrádú ag roinnt Ballstát chun na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh*[9]*. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na ceanglais maidir le himscaradh bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe feadh an ghréasáin TEN-T a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach chun sócmhainní tréigthe a sheachaint agus ar bhealach lena n-áirithítear cur chun feidhme comhordaithe Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 agus an Rialacháin seo.*

*(22) Tá caighdeáin nua maidir le bonneagar athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair á bhforbairt faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar aschur cumhachta aonair na stáisiún luchtaithe ag comhthiomsuithe athluchtaithe a mhéadú a luaithe a bheidh na sonraíochtaí teicniúla coiteanna ar fáil.*

---

9 *Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).*

(23) Ba cheart bonneagar athluchtaithe feadh an ghréasáin TEN-T a chomhlánú le bonneagar mearluchtaithe atá inrochtana don phobal ag nóid uirbeacha. Tá gá leis an mbonneagar sin go háirithe chun deiseanna luchtaithe a chur ar fáil do thrucailí seachadta agus do mhuirearú cinn scríbe le haghaidh trucailí cianaistir. Ba cheart pointí athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha saothair éadroim i limistéir uirbeacha, áfach, a bheith faoi chuimsiú na sprice atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta. ***I dteannta na bpointí mearluchtaithe feadh an ghréasáin TEN-T agus i nóid uirbeacha, ba cheart d'fheithiclí tromshaothair a bheith in ann bonneagar athluchtaithe atá inrochtana don phobal a úsáid chun luchtú thar oíche feadh an phríomhghréasáin iompair chun tacú go sonrach le leictriú na hearnála cianaistir.***

***(24) Chun infheistíochtaí a sheachaint a bheadh díréireach i gcomparáid leis na méideanna tráchta ar roinnt bóithre den ghréasán TEN-T agus i gcásanna nach féidir údar cuí a thabhairt le himscaradh bonneagair athluchtaithe i dtéarmaí costais is tairbhe socheacnamaíocha, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a fhoráil go bhfreastalóidh comhthiomsú athluchtaithe amháin atá inrochtana don phobal ar an dá threo taistil, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais eile is infheidhme, maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, aschur iomlán cumhachta an chomhthiomsaithe athluchtaithe agus líon na bpointí athluchtaithe ag na comhthiomsuithe athluchtaithe is infheidhme maidir le treo aonair taistil. De rogha air sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann laghdú a dhéanamh ar chumhacht aschurtha iomlán na gcomhthiomsuithe athluchtaithe atá tiomnaithe d’fheithiclí leictreacha saothair éadroim nó d’fheithiclí leictreacha tromshaothair atá suite feadh an ghréasáin bóithre TEN-T ina bhfuil méideanna ísle tráchta d’fheithiclí leictreacha saothair éadroim nó d’fheithiclí leictreacha tromshaothair faoi seach. Chun na críche céanna, ba cheart freisin go mbeadh na Ballstáit in ann achar uasta níos airde a cheadú freisin idir comhthiomsuithe athluchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, agus atá tiomnaithe d’fheithiclí leictreacha saothair éadroim nó feithiclí leictreacha tromshaothair feadh bóithre den chroíghréasán TEN-T atá ar bheagán tráchta.***

*(25) I bhfianaise nádúr oileánach na Cipire, agus ós rud é nach bhfuil aon nasc talaimh inti le Ballstáit eile, ná leis an mórthír agus an méid teoranta de ghréasán bóithre TEN-T atá inti, tá teorainn leis an trácht fad-achair tromshaothair atá ag gluaiseacht sa Bhallstát sin. Ina theannta sin, i bhfianaise an mhíleáiste laethúil theoranta d'fheithiclí leictreacha tromshaothair sa Chipir, cumhdófar a riachtanais athluchtaithe den chuid is mó le hacmhainneachtaí athluchtaithe thar oíche i suíomhanna príobháideacha, amhail iostaí. Dá bhrí sin, bheadh an Chipir faoi oibleagáid dhíréireach agus neamhriachtanach dá mbeadh uirthi na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh maidir le cumhdach íosta comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí tromshaothair ina críoch i dtéarmaí leibhéal cumhachta iomláine aschuir na gcomhthiomsuithe athluchtaithe sin atá suite feadh an ghréasáin TEN-T agus an t-achar uasta idir na comhthiomsuithe athluchtaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Chipir a bheith in ann iarraidh réasúnaithe ar údarú a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun ceanglais níos ísle a chur i bhfeidhm ina leith sin, ar choinníoll nach gcuirfeadh na ceanglais níos ísle sin bac ar chúrsaíocht feithiclí leictreacha tromshaothair sa Bhallstát sin.*

(*26*) ***Táthar ag súil go mbainfidh úinéirí feithiclí leictreacha úsáid den chuid is mó as pointí athluchtaithe ag a n-áitreabh féin nó in áiteanna páirceála comhchoiteanna i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe. Cé go rialaítear imscaradh bonneagair duchtála agus pointí athluchtaithe i bhfoirgnimh den sórt sin le Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit infhaighteacht bonneagair phríobháidigh den sórt sin a chur san áireamh agus imscaradh pointí athluchtaithe a bheidh inrochtana don phobal á phleanáil acu.***

(27) Tá imscaradh bonneagair athluchtaithe ***le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair*** chomh tábhachtach céanna i suíomhanna príobháideacha nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, amhail in iostaí príobháideacha agus in ionaid lóistíochta chun luchtú thar oíche agus muirearú ceann scríbe a áirithiú. Ba cheart d'údaráis phoiblí ***breithniú a dhéanamh*** ar bhearta a ghlacadh i gcomhthéacs bhunú a gcreataí beartais náisiúnta athbhreithnithe chun a áirithiú go soláthraítear an bonneagar iomchuí le haghaidh an luchtaithe thar oíche agus an luchtaithe cinn scríbe sin d'fheithiclí leictreacha tromshaothair.

[10] ***Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).***

(28) I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Márta 2017 dar teideal 'European Interoperability Framework – Implementation Strategy' [An Creat Eorpach Idir-inoibritheachta — Straitéis Cur Chun Feidhme], tá an fhéidearthacht chun ardseirbhísí digiteacha a fhorbairt, lena n-áirítear réitigh íocaíochta chonradh-bhunaithe, agus chun a áirithiú go mbeidh faisnéis thrédhearcach d'úsáideoirí trí mhodhanna digiteacha ag brath ar phointí athluchtaithe cliste atá nasctha go digiteach a chur in úsáid lena dtacaítear le bonneagar atá nasctha go digiteach agus idir-inoibritheach a chruthú. Ba cheart tacar saintréithe fisiceacha agus sonraíochtaí teicniúla (crua-earraí agus bogearraí) is gá chun sonraí a sheoladh agus a fháil i bhfíor-am a bheith sna pointí athluchtaithe cliste sin, lena gcumasófar sreabhadh faisnéise idir na gníomhaithe margaidh atá spleách ar na sonraí sin chun an t-eispéireas athluchtaithe a fhorbairt ina iomláine, lena n-áirítear oibreoirí pointí athluchtaithe, soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta, ardáin ríomhfhánaíochta, oibreoirí córais dáileacháin, agus, sa deireadh, úsáideoirí deiridh.

(29) Is le córais mhéadraithe chliste, de réir mar a shainítear i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] a chumasaítear sonraí fíor-ama a tháirgeadh, rud a mbeidh gá leis chun cobhsaíocht na heangaí a áirithiú agus chun úsáid réasúnach na seirbhísí athluchtaithe a spreagadh. Trí mhéadrú fuinnimh a sholáthar i bhfíor-am agus faisnéis chruinn thrédhearcach faoi chostas, spreagann na córais méadraithe chliste, in éineacht le pointí athluchtaithe cliste, an t-athluchtú tráth a mbíonn éileamh ginearálta íseal ar leictreachas agus praghsanna ísle fuinnimh. Is féidir leis an úsáid a bhaintear as córais mhéadraithe chliste i gcomhar le pointí athluchtaithe cliste an t-athluchtú a bharrfheabhsú, agus bíonn buntáistí ann don chóras leictreachais agus don úsáideoir deiridh. Maidir le córais mhéadraithe chliste a úsáid chun feithiclí leictreacha a athluchtú ag stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus réasúnach ó thaobh na heacnamaíochta de, ba cheart do na Ballstáit an úsáid sin a spreagadh agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonfaidh na córais sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 20 de Threoir (AE) 2019/944.

[11] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

(30) Mar gheall go bhfuil an líon feithiclí leictreacha ar bóthar, ar iarnród, ar muir agus i modhanna eile iompair ag méadú, beidh gá le hoibríochtaí athluchtaithe a bharrfheabhsú agus a bhainistiú ar bhealach nach gcruthaíonn plódú agus lena mbaintear an leas is mó is féidir as infhaighteacht leictreachais in-athnuaite agus praghsanna ísle leictreachais sa chóras. Is féidir le hathluchtú cliste, go háirithe, comhtháthú breise feithiclí leictreacha sa chóras leictreachais a éascú toisc go gcumasaíonn sé freagairt don éileamh trí chomhiomlánú ▌. Is féidir comhtháthú an chórais a éascú tuilleadh trí athluchtú déthreoch (ó fheithicil go ***heangach), agus is féidir le hathluchtú cliste agus déthreoch costais athluchtaithe don tomhaltóir a laghdú freisin***. Dá bhrí sin, ba cheart do gach ▌ pointe athluchtaithe, ***arna thógáil nó arna athchóiriú tar éis ... [dháta an chur i bhfeidhm dtagraítear in Airteagal 26]*** a bheith comhoiriúnach don athluchtú cliste. ***Ina theannta sin, ba cheart caighdeáin chumarsáide a thacaíonn le hathluchtú cliste agus déthreoch a ghlacadh chun idir-inoibritheacht a áirithiú.***

(31) Maidir leis an bhforbairt a dhéantar ar bhonneagar ***ar an eangach agus lasmuigh den eangach*** le haghaidh feithiclí leictreacha, idirghníomhú an bhonneagair sin leis an gcóras leictreachais, agus na cearta agus na freagrachtaí a shanntar do na gníomhaithe difriúla sa mhargadh soghluaisteachta leictrí, ní mór dóibh a bheith i gcomhréir leis na prionsabail a bhunaítear faoi Threoir (AE) 2019/944. Sa comhthéacs sin, ba cheart d'oibreoirí córais dáileacháin comhoibriú ar bhonn neamh-idirdhealaitheach le haon duine a bhunaíonn nó a oibríonn pointí athluchtaithe atá inrochtana go poiblí ▌. Maidir leis an rochtain atá ag soláthróirí leictreachais an Aontais ar phointí athluchtaithe, ba cheart go mbeadh an rochtain sin gan dochar do na maoluithe faoi Airteagal 66 de Threoir (AE) 2019/944.

(32) Ba cheart bunú agus oibriú na bpointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a fhorbairt mar mhargadh iomaíoch ina mbeidh rochtain oscailte do na páirtithe uile ar spéis leo bonneagar athluchtaithe a fheidhmiú go céimneach nó a oibriú. I bhfianaise a theoranta atá an líon suíomhanna malartacha do ***phointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha*** ar mhótarbhealaí, is ábhar imní ar leith iad na lamháltais atá ar mhótarbhealaí cheana, amhail gnáthstáisiúin athbhreoslaithe nó limistéir scíthe, toisc go mbíonn tréimhsí fada i gceist leo agus nach luaitear dáta deiridh sonraithe leo ar chor ar bith in amanna fiú. A mhéid is féidir agus i gcomhréir le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], ba cheart do na Ballstáit féachaint le lamháltais nua a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch go sonrach le haghaidh stáisiúin athluchtaithe nua i limistéir scíthe ar mhótarbhealaí nó in áit atá cóngarach dóibh chun ***cosc a chur ar ionradh ar spásanna glasa***, chomh maith leis na costas a bhaineann le himscaradh a theorannú agus chun iontrálaithe nua sa mhargadh a chumasú.

---

**12** Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

(33) Is rud ríthábhachtach í an trédhearcacht ó thaobh praghsanna de chun an t-athluchtú agus an t-athbhreoslú éasca rianúil a áirithiú. Ba cheart faisnéis chruinn faoi phraghsanna a sholáthar d'úsáideoirí breosla mhalartaigh sula dtosaítear ar sheisiún athluchtaithe nó athbhreoslaithe. Ba cheart an praghas a chur in iúl ar bhealach soiléir struchtúrtha chun a chur ar chumas na n-úsáideoirí deiridh na comhpháirteanna ***praghsanna éagsúla a ghearrann an t-oibreoir a shainaithint chun praghas seisiúin athluchtaithe nó athbhreoslaithe a ríomh agus chun an costas iomlán a réamh-mheas. Ba cheart cead a bheith ag oibreoir na stáisiún athluchtaithe táillí breise a ghearradh freisin, d'fhonn, inter alia, nach n-úsáidfidh úsáideoirí eile an pointe athluchtaithe, ar choinníoll go léirítear na táillí sin go soiléir agus go gcuirtear in iúl iad roimh thús an tseisiúin athluchtaithe. Má chuirtear an praghas ar athluchtú ar bhonn ad hoc ar fáil ar leathanach gréasáin tiomnaithe, ba cheart é a chur ar fáil go soiléir ar an leathanach gréasáin céanna a úsáidtear chun an seisiún a íoc. Trí cheanglais a leagan síos d'oibreoirí agus do sholáthraithe seirbhíse soghluaisteachta, sholáthrófaí ráthaíochtaí agus intuarthacht do thomhaltóirí agus, ar an gcaoi sin, chuideofaí le muinín a áirithiú le linn na gcéimeanna tosaigh de ghlacadh na soghluaisteachta leictrí. Spreagfadh sé freisin glacadh tapa feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí faoi thiomáint hidrigine, rud atá riachtanach chun uaillmhianta méadaithe aeráide an Aontais agus na tosaíochtaí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'The European Green Deal' [An Comhaontú Glas don Eoraip] a bhaint amach. Ba cheart praghsanna a bheith réasúnach agus níor cheart dóibh dul thar na costais arna dtabhú móide corrlach brabúis réasúnta. Tá na ceanglais sin maidir le praghsanna gan dochar do cheart na mBallstát praghas aonaid infheidhme an leictreachais a ghearrtar ó stáisiún athluchtaithe a chinneadh i gcomhréir le Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[13].

[13] ***Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a chur in iúl do thomhaltóirí (IO L 80, 18.3.1998, lch. 27).***

(34) Tagann seirbhísí nua chun cinn ▌ le himeacht ama chun tacú le húsáid feithiclí leictreacha. ***Bhí ról suntasach ag dreasachtaí a sholáthraíonn na Ballstáit, chomh maith le bearta ceangailteacha arna nglacadh acu, amhail cumas fánaíochta éigeantach maidir le pointí athluchtaithe ainmnithe, i bhforbairt na seirbhísí nua sin.*** Ba cheart d'eintitis a thairgeann na seirbhísí nua sin, amhail soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta, a bheith in ann oibriú faoi dhálaí córa margaidh. Níor cheart d’oibreoirí pointí athluchtaithe cóir fhabhrach mhíchuí a thabhairt do roinnt soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta, mar shampla, trí bhíthin difreáil phraghais nach bhfuil údar maith léi a d’fhéadfadh bac a chur ar iomaíocht, agus a mbeadh praghsanna níos airde le haghaidh tomhaltóirí mar thoradh uirthi. ***Chun an t-aistriú chuig na seirbhísí nua sin a áirithiú agus chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí na bhfeithiclí sin bonneagar athluchtaithe a úsáid go héasca agus gan bhac ar fud an Aontais,*** ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an mhargaidh athluchtaithe. Agus an Rialachán seo á athbhreithniú, ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht a dhéanamh nuair is gá de bharr forbairtí sa mhargadh amhail teorainneacha le seirbhísí d’úsáideoirí deiridh,***seirbhísí a chuireann míthreoir ar thomhaltóirí agus a chuireann isteach ar thrédhearcacht praghsanna,*** nó cleachtais ghnó a d’fhéadfadh teorainn a chur leis an iomaíocht.

(35) I dtaca le feithiclí faoi thiomáint hidrigine de tá ráta dul i bhfód an-íseal sa mhargadh acu. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach bonneagar leordhóthanach athbhreoslaithe hidrigine a imscaradh chun gur féidir feithiclí faoi thiomáint hidrigine a imscaradh ar mhórscála mar a bheartaítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Iúil dar teideal 'A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe' [Straitéis hidrigine um Eoraip aeráidneodrach]. Faoi láthair, ní imscartar pointí athbhreoslaithe hidrigine ach i roinnt Ballstát agus níl siad oiriúnach don chuid is mó d'fheithiclí tromshaothair. Dá bhrí sin, ní féidir le feithiclí faoi thiomáint hidrigine ar fud an Aontais. Ba cheart go n-áiritheofaí le spriocanna sainordaitheacha imscartha le haghaidh pointí athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal gréasán dlúth pointí athbhreoslaithe hidrigine ar fud an chroíghréasáin TEN-T chun gur féidir le feithiclí saothair éadroim agus tromshaothair faoi thiomáint hidrigine taisteal ar fud an Aontais go rianúil. ***Chun imscaradh an bhonneagair athbhreoslaithe hidrigine feadh an ghréasáin bóithre TEN-T, ba cheart na stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine uile a bheidh le húsáid feadh an ghréasáin bóithre TEN-T a bheith lonnaithe ar bhóthar TEN-T nó faoi fhad 10 km tiomána ón tslí amach is gaire de bhóthar TEN-T.***

(36) Ba cheart d'úsáideoirí feithiclí breosla mhalartaigh a bheith in ann ***athluchtú nó athbhreoslú*** **ar bhonn** ***ad hoc*** a íoc go héasca agus go saoráideach ag gach pointe athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal, gan gá a bheith ann conradh a dhéanamh le hoibreoir an phointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe nó le soláthraí seirbhíse soghluaisteachta. Dá bhrí sin, le haghaidh an athluchtaithe agus an athbhreoslaithe ar bhonn *ad hoc*, ba cheart do gach pointe athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal ionstraimí íocaíochta a úsáidtear go forleathan ar fud an Aontais a ghlacadh, agus go háirithe íocaíochtaí leictreonacha trí bhíthin teirminéil agus gléasanna a úsáidtear le haghaidh seirbhísí íocaíochta. ***Maidir le bonneagar arna imscaradh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart cur i bhfeidhm na gceanglas sin a chur siar.*** Ba cheart an modh íocaíochta ad hoc sin a bheith ar fáil do thomhaltóirí i gcónaí, fiú amháin nuair a thairgtear íocaíochtaí conradh-bhunaithe ag an bpointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe.

***(37) Beag beann ar bhranda a bhfeithiclí, ba cheart go mbeadh úsáideoirí deiridh in ann rochtain a fháil ar stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus iad a úsáid ar bhealach soláimhsithe agus neamh-idirdhealaitheach.***

(38) Leis an mbonneagar iompair, ba cheart soghluaisteacht rianúil agus inrochtaineacht gan uaim a cheadú do gach úsáideoir, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine faoi mhíchumas. I bprionsabal, ba cheart suíomh gach stáisiúin athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus na stáisiúin athluchtaithe agus athbhreoslaithe féin a dhearadh ar bhealach ***atá inrochtana agus áisiúil*** don líon is mó daoine is féidir, go háirithe daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas luaineachta agus daoine atá faoi mhíchumas. Ba cheart a áireamh leis sin, mar shampla, spás leordhóthanach sna háiteanna páirceála a sholáthar, a áirithiú nach suiteáiltear an stáisiún athluchtaithe ar dhromchla faoi cholbhaí, a áirithiú go bhfuil cnaipí nó scáileán an stáisiúin athluchtaithe ag airde iomchuí agus go bhfuil na cáblaí athluchtaithe agus athbhreoslaithe éadrom go leor ionas gur féidir le daoine atá ar bheagán brí iad a úsáid gan dua. Ina theannta sin, ba cheart do chomhéadan úsáideora na stáisiún athluchtaithe lena mbaineann a bheith inrochtana. Dá réir sin, ba cheart na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i ▌ dTreoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] a bheith infheidhme maidir le bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe.

***(39) D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht agus slándáil úsáideoirí, go háirithe ag stáisiúin athluchtaithe gan choinne, trí chnaipí éigeandála a fheistiú ar na stáisiúin athluchtaithe, trí fhaisnéis teagmhála seirbhísí éigeandála a thaispeáint, trí shoilsiú leordhóthanach a áirithiú nó trí aon bhearta iomchuí eile.***

---

**14** Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

(40) Ba cheart a bheith in ann feithiclí faoi thiomáint hidrigine a athbhreoslú ag an gceann scríbe nó gar dó, ar gnách gur ceantar uirbeach é. Chun a áirithiú gur féidir athbhreoslú cinn scríbe atá inrochtana don phobal a dhéanamh sna príomhlimistéir uirbeacha ar a laghad, ba cheart foráil a dhéanamh do na stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine sin i ngach nód uirbeach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ▌. Laistigh de na nóid uirbeacha, ba cheart d'údaráis phoiblí breithniú a dhéanamh ar na stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a imscaradh laistigh de ***mhoil ilmhódacha,*** ós rud é gur gnáthcheann scríbe d'fheithiclí tromshaothair iad moil den sórt sin agus toisc go bhféadfaidís hidrigin a sholáthar do mhodhanna iompair eile freisin, amhail iompar d'iarnród agus loingseoireacht intíre. ***Ba cheart go bhféadfaí stáisiún athbhreoslaithe hidrigine amháin atá inrochtana don phobal agus atá lonnaithe laistigh de nód uirbeach a chur san áireamh chun ceanglas TEN-T a chomhlíonadh, ar choinníoll go mbainfear an sprioc acmhainneachta amach.***

(41) Ag an gcéim luath seo den imscaradh sa mhargadh, bíonn leibhéal áirithe éiginnteachta ann a mhéid a bhaineann leis an gcineál feithiclí a thiocfaidh isteach ar an margadh agus an cineál teicneolaíochtaí a úsáidfear go forleathan. Sa straitéis hidrigine um Eoraip aeráidneodrach, sainaithníodh an deighleog thromshaothair mar an deighleog is dóichí ina n-imscarfar feithiclí faoi thiomáint hidrigine go fairsing ar dtús. Dá bhrí sin, leis an mbonneagar athbhreoslaithe hidrigine ba cheart díriú ar an deighleog sin agus ligean d'fheithiclí saothair éadroim athbhreoslú ag stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal freisin. Chun idir-inoibritheacht a áirithiú, ba cheart do gach stáisiún hidrigine atá inrochtana don phobal freastal ar hidrigin ghásach ag 700 bar ar a laghad. Agus an bonneagar á chur i bhfeidhm, ba cheart teicneolaíochtaí nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chur san áireamh, mar shampla, teicneolaíocht hidrigine leachtaí, lena dtugtar raon níos mó d'fheithiclí tromshaothair agus teicneolaíochtaí arb iad an rogha teicneolaíochta a bheartaítear is fearr le monaróirí áirithe feithiclí. ▌

***(42) Beidh gá le comhordú i measc na ngeallsealbhóirí uile chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt. Ba cheart an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan, arna gcur ar bun le Rialachán (AE) 2021/2085[15] ón gComhairle, a úsáid freisin d'fhonn cistiú príobháideach a éascú agus a ghiaráil ionas go sroicfidh sé na spriocanna ábhartha a shainaithnítear sa Rialachán seo.***

(43) Bunaíodh roinnt pointí athbhreoslaithe meatáin leachtaithe san Aontas, arb iad cnámh droma gluaiseacht feithiclí tromshaothair atá faoi thiomáint meatáin leachtaithe ar fud an Aontais cheana iad. Ba cheart don chroíghréasán TEN-T leanúint de bheith ina bhonn le haghaidh ***bonneagar meatáin leachtaithe*** a imscaradh toisc go gcumhdaítear na príomhshruthanna tráchta leis agus go gcumasaítear leis nascacht trasteorann ar fud an Aontais. Moladh i dTreoir 2014/94/AE go ndéanfaí na pointí athbhreoslaithe sin a imscaradh gach 400 km feadh an chroíghréasáin TEN-T. Mar gheall ar líon teoranta bearnaí a bheith feadh an ghréasáin, áfach, níor baineadh amach an sprioc sin. Ba cheart do na Ballstáit an sprioc sin a bhaint amach agus na bearnaí atá fós ann a líonadh faoi 2025, agus ina dhiaidh sin ba cheart go scoirfeadh an sprioc d'fheidhm a bheith aici.

---

*15* ***Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).***

*(44) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart go dtuigfí leis an téarma 'meatán leachtaithe' 'GNL, bithghás leachtaithe nó meatán leachtaithe sintéiseach, lena n-áirítear cumaisc de na breoslaí sin'. Ní athraíonn úsáid an téarma shainithe 'meatán leachtaithe' sainmhíniú ná comhdhéanamh na mbreoslaí ar leithligh (GNL, bithghás leachtaithe nó meatán leachtaithe sintéiseach), mar a shainmhínítear i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais.*

(45) Is féidir le saoráidí leictreachais cois cladaigh, ***bíodh siad fosaithe nó soghluaiste***, fónamh don iompar muirí agus don loingseoireacht intíre chun soláthar cumhachta glaine a sholáthar agus is féidir leo rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag longa farraige ***agus ag soithí uiscebhealaí intíre ar an gcomhshaol, ar an aeráid agus ar an tsláinte***, ***go háirithe ó thaobh cháilíocht an aeir de do limistéir uirbeacha mórthimpeall na gcalafort.*** Faoi Rialachán (AE) 2023/... [+] tá oibreoirí long longa coimeádán farraige agus longa paisinéirí farraige le forálacha a chomhlíonadh chun laghdú a dhéanamh ar an méid astaíochtaí a tháirgeann a longa ***agus iad ar múráil le taobh na cé***. Le spriocanna sainordaitheacha imscartha ba cheart go n-áiritheofaí go bhfaighidh an earnáil soláthar leictreachais cois cladaigh leordhóthanach do longa atá ar múráil le taobh na cé i gcalafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T agus i gcalafoirt mhuirí den ghréasán cuimsitheach TEN-T chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. ***Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach spriocanna soiléire a leagan síos maidir le bonneagar leictreachais cois cladaigh a imscaradh i gcalafoirt TEN-T. Ós rud é go bhfuil samhlacha éagsúla rialachais ag na Ballstáit do chalafoirt, chun na spriocanna sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun bonneagar a imscaradh laistigh dá gcalafoirt agus sna críochfoirt éagsúla de réir a gcuid riachtanas. Tá sé tábhachtach laistigh de*** chalafoirt***, agus i gcás inarb ábhartha idir críochfoirt, go n-úsáidtear bonneagar san áit a dtiocfadh na sochair chomhshaoil is airde i gcomhthéacs laghduithe ar gháis cheaptha teasa agus ar thruailliú aeir de bharr uasfháltas na hinfheistíochta agus an uasráta áitíochta.***

---

[+] IO: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 26/23 (2021/0210(COD)).

*(46)* ***Chun soláthar leictreachais cois cladaigh a phleanáil, a fhorbairt agus a úsáid le haghaidh longa farraige, tá gá le cur chuige comhordaithe chun an soláthar agus an t-éileamh a mheaitseáil. Dá bhrí sin, ba cheart do gach geallsealbhóir poiblí agus príobháideach ar thaobh na loinge agus ar thaobh an chalafoirt araon, chomh maith le haon ghníomhaithe ábhartha eile sa mhargadh, comhordú a dhéanamh chun oibriú rianúil a cheadú ar bhonn laethúil.***

*(47)* ***Tá sé tábhachtach sócmhainní tréigthe a sheachaint agus a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéantar inniu slán i bhfad na haimsire agus go rannchuideoidh siad leis an aistriú chuig an aeráidneodracht mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Ní mór féachaint ar imscaradh soláthair leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt mhuirí in éineacht leis na teicneolaíochtaí coibhéiseacha malartacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleáin nialasacha atá ann faoi láthair, agus na teicneolaíochtaí a bheidh le himscaradh amach anseo, go háirithe na teicneolaíochtaí sin lena soláthraítear laghduithe ar astaíochtaí agus ar thruailliú i mbeart agus le linn loingseoireachta araon.***

(48) Mar thosaíocht, ba cheart soláthar leictreachais cois cladaigh a chur ar fáil do longa ***coimeádáin farraige agus do longa paisinéirí farraige***, arb ***iad na catagóirí long a tháirgeann an méid is airde astaíochtaí in aghaidh na loinge agus iad ar múráil cois cé.*** Chun saintréithe an éilimh ar chumhacht a chur san áireamh le linn do longa paisinéirí farraige éagsúla ***a mhúráil cois*** cé, chomh maith le saintréithe oibríochtúla an chalafoirt, is gá idirdhealú a dhéanamh idir na ceanglais maidir le longa paisinéirí farraige le haghaidh longa paisinéirí róró agus ***árthaí paisinéirí ardluais ar thaobh amháin***, agus na ceanglais do longa paisinéirí farraige eile, ar an taobh eile.

(49) Ba cheart na cineálacha soithí a bhfreastalaítear orthu agus méid tráchta na gcalafort muirí a chur san áireamh sna spriocanna éigeantacha maidir le himscaradh. Chun suiteáil acmhainne a bheidh tearcúsáidte a sheachaint, maidir le calafoirt mhuirí ina bhfuil méideanna ísle tráchta i gcatagóirí áirithe long ***bunaithe ar mheánlíon bliantúil na stadanna ar chalafoirt***, ***níor cheart iad a bheith faoi réir na*** = spriocanna éigeantacha imlonnaithe do na catagóirí long comhfhreagracha. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart é a bheith d’aidhm ag na spriocanna sainordaitheacha an t-éileamh uasta a bhaint amach ach méid atá ard a dhóthain, chun acmhainn tearcúsáidte a sheachaint agus chun tréithe oibrithe calafoirt a chur san áireamh. ▌

***(50) Agus líon na gcuairteanna ar chalafort á chinneadh, maidir le cuairteanna gearra ar chalafort, cuairteanna longa ar chalafort, ar long iad a úsáideann teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha, cuairteanna neamhsceidealta ar chalafort mar gheall ar shábháilteacht nó tarrtháil ar muir, cuairteanna ar chalafort in imthosca eisceachtúla a éilíonn giniúint fuinnimh ar bord, cuairteanna ar chalafort i gcúinsí éigeandála a bhfuil riosca láithreach do beatha, don long nó don chomhshaol ag baint leo, nó cuairteanna ar chalafoirt ar chúiseanna eile force majeure, níor cheart iad a chur san áireamh.***

***(51)*** Is gné thábhachtach é an t-iompar muirí i gcomhtháthú agus i bhforbairt eacnamaíoch na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí den Aontas, ***agus in Ceuta agus Melilla chomh maith.*** D'fhéadfadh sé nach mbeadh an acmhainn táirgthe fuinnimh ***leictreachais*** ar na hoileáin, na réigiúin nó na críocha sin leordhóthanach i gcónaí chun freastal ar an éileamh cumhachta is gá chun tacú le soláthar leictreachais cois cladaigh a sholáthar. I gcásanna den sórt ***sin, beidh na hoileáin, na réigiúin agus*** na críocha sin le díolmhú ón gceanglas soláthar leictreachais cois cladaigh a sholáthar mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, an nasc leictreach sin leis an mórthír ***nó leis na tíortha comharsanachta, de réir mar a bheidh,*** tugtha chun críche nó go dtí go mbeidh dóthain acmhainneachta a ghintear go háitiúil ó fhoinsí fuinnimh ***neamh-iontaise.***

(52) Ba cheart ***líon iomchuí*** pointí athbhreoslaithe le haghaidh ***meatán leachtaithe i gcalafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T*** a bheith ar fáil faoi 2025. ***Ba cheart imscaradh an bhonneagair sin a bheith á thiomáint ag éileamh an mhargaidh.*** Ar na pointí athbhreoslaithe le haghaidh ***meatáin leachtaithe***, áirítear críochfoirt meatáin leachtaithe, umair***, leantóirí tancaeirí, tancaeirí***, coimeádáin shoghluaiste, soithí buncair agus báirsí.

***(53)*** ***Suiteálacha lena soláthraítear soláthar leictreachais cois cladaigh, ba cheart iad a imlonnú freisin i gcalafoirt uiscebhealaigh intíre den ghréasán TEN-T.***

(54) Ba cheart úsáid soláthair leictreachais ***sheachtraigh*** ▌ a chur in ionad ***úsáid na n-inneall nuair a bhíonn*** aerárthaí ***ina stad ag aerfoirt***. Ba cheart go ndéanfadh sin astaíochtaí truailleán agus astaíochtaí torainn a laghdú, caighdeán an aeir a fheabhsú agus tionchar na n-aerárthaí ar an athrú aeráide a laghdú. Dá bhrí sin, i gcás gach oibríochta iompair tráchtála, ***ba cheart*** soláthar leictreachais seachtrach a sholáthair nuair a bhíonn aerárthaí páirceáilte ***ag láithreacha teagmhála aerárthaigh nó cianláithreacha aerárthaigh ag aerfoirt den ghréasán TEN-T. D'fhéadfaí an soláthar leictreachais seachtrach d'aerárthaí a áirithiú le talamhaonaid cumhachta dhoghluaiste nó shoghluaiste ag láithreacha teagmhála aerárthaigh agus ag cianláithreacha aerárthaigh. Cé gur cheart aerárthaí a bheith in ann úsáid a bhaint as an soláthar leictreachais seachtrach ag na láithreacha teagmhála aerárthaigh agus na cianláithreacha aerárthaigh uile a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí aeriompair tráchtála, níl sé riachtanach gach láthair a bheith feistithe le talamhaonaid cumhachta dhoghluaiste nó shoghluaiste, ós rud é gur féidir le talamhaonaid aonair cumhachta, bíodh sí doghluaiste nó soghluaiste, freastal ar iliomad láithreacha agus a imscaradh chun riachtanais oibríochtúla a chomhlíonadh.***

*(55) Agus rochtain ar sholáthar leictreachais in aerfoirt d'aerárthaí agus iad ina stad á háirithiú acu, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, comhar idir an comhlacht bainistithe aerfoirt agus soláthróirí seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur chun cinn, agus, i gcás inarb ábhartha, comhar idir an comhlacht sin agus úsáideoirí féinseirbhíse láimhseála na n-aerfort. Ba cheart do na Ballstáit déanamh amhlaidh go háirithe trí Choiste na nÚsáideoirí Aerfoirt arna bhunú de bhun Threoir 96/67/CE ón gComhairle[16].*

*(56) Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann aerfoirt den ghréasán TEN-T, a bhfuil níos lú ná 10 000 gluaiseacht eitilte tráchtála in aghaidh na bliana acu, arna ríomh mar mheán thar na trí bliana roimhe sin, a dhíolmhú ón oibleagáid leictreachas a sholáthar d'aerárthaí ina stad, ag gach cianláthair. I bhfianaise líon na n-eitiltí a bheadh i gceist agus na gcostas infheistíochta agus cothabhála a bhainfeadh le leictreachas a sholáthar do na cianláithreacha aerárthaigh sna haerfoirt sin den ghréasán TEN-T, d'fhéadfadh sé a bheith díréireach leis an tairbhe don chomhshaol, go háirithe i gcomparáid le hinfheistíochtaí níos éifeachtúla chun dul i ngleic le hastaíochtaí $CO_2$ na n-aerfort.*

16 *Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar mhargadh seirbhísí láimhseála ar an talamh in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36).*

(57) I gcomhréir le Treoir 2014/94/AE, tá creataí beartais náisiúnta bunaithe ag na Ballstáit ina leagtar amach a gcuid cuspóirí agus pleananna chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin. Cuireadh i dtábhacht leis an measúnú a rinneadh ar an gcreat beartais náisiúnta agus leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2014/94/AE go bhfuil gá le huaillmhian níos mó agus cur chuige a chomhordaítear ar bhealach níos fearr ar fud na mBallstát i bhfianaise an mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar ghlacadh feithiclí breosla mhalartaigh, go háirithe feithiclí leictreacha. Thairis sin, beidh gá le roghanna malartacha ar bhreoslaí iontaise i ngach modh iompair chun uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ***agus cuspóirí aeráide an Aontais*** a chomhlíonadh. Ba cheart na Creataí Beartais Náisiúnta atá ann faoi láthair a athbhreithniú chun tuairisc shoiléir a thabhairt ar an gcaoi a bhfreastalóidh na Ballstáit ar an ngá an-mhór a bheidh le bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal, faoi mar a chuirtear in iúl sna spriocanna sainordaitheacha. ***D'fhéadfadh*** na creataí athbhreithnithe aghaidh a thabhairt ***freisin*** ▌ ar mhodhanna iompair nach bhfuil aon spriocanna sainordaitheacha imscartha ann lena n-aghaidh. ***Ba cheart do na Ballstáit tuairisc rialta a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gcreataí beartais náisiúnta athbhreithnithe sin.***

***(58) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit measúnú rialta a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh imscaradh agus oibriú pointí athluchtaithe a chur ar chumas feithiclí leictreacha rannchuidiú tuilleadh le solúbthacht an chórais fuinnimh agus le hionsú breise an leictreachais in-athnuaite. Ba cheart na bearta iomchuí a shainaithint sa mheasúnú sin atá le cur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh an phleanáil bonneagair comhsheasmhach leis an bpleanáil eangaí faoi seach chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Gan dochar do Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus do Threoir (AE) 2019/944, ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfreastalóidh an eangach leictreachais ar éileamh cumhachta an bhonneagair athluchtaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit an eangach leictreachais a uasghrádú agus a chothabháil ionas go mbeidh sí in ann déileáil leis an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ón earnáil iompair don leictreachas.***

17 Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

(59) Ba cheart bearta tacaíochta a áireamh sna creataí beartais náisiúnta athbhreithnithe chun an margadh a fhorbairt a mhéid a bhaineann le breoslaí malartacha, lena n-áirítear imscaradh an bhonneagair breoslaí malartacha is gá a chur i bhfeidhm, i ndlúthchomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leis an tionscal lena mbaineann, agus riachtanais na bhfiontar beag, agus meánmhéide á gcur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart do na creataí beartais náisiúnta athbhreithnithe tuairisc a thabhairt ar an gcreat náisiúnta foriomlán chun bonneagar den sórt sin a phleanáil, a cheadú agus a sholáthar, aon bhacainní atá ann a aithint agus na gníomhaíochtaí a aithint a dhéanfar chun iad sin a bhaint ***ionas go mbeidh an t-am idir imscaradh an bhonneagair agus úsáid an bhonneagair réasúnta agus ionas*** gur féidir rolladh amach níos tapúla an bhonneagair a bhaint amach. ***Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na creataí beartais náisiúnta, tá sé tábhachtach prionsabal ginearálta na neodrachta teicneolaíche agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a urramú. Ba cheart do na Ballstáit na bearta uile a glacadh nó iad atá beartaithe a liostú.***

(60) Ba cheart don Choimisiún forbairt agus cur chun feidhme chreataí beartais náisiúnta athbhreithnithe na mBallstát a éascú trí bhíthin malartuithe faisnéise agus dea-chleachtas i measc na mBallstát. ***Ba cheart go mbeadh gach Ballstát in ann cinneadh a dhéanamh comhordaitheoir náisiúnta a cheapadh chun bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh agus é de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar chomhordú agus ar chur chun feidhme náisiúnta an chreata beartais náisiúnta.***

(61) Chun breoslaí malartacha a chur chun cinn agus an bonneagar ábhartha a fhorbairt, ba cheart ***forléargas a thabhairt ar staid na himeartha, ar pheirspictíochtaí agus ar thionscnaimh atá beartaithe a bheith*** sna creataí beartais náisiúnta chun breoslaí malartacha a chur chun cinn in earnálacha atá deacair a dhícharbónú, amhail earnáil na heitlíochta, an t-iompar muirí, loingseoireacht intíre, mar aon leis an iompar iarnród ar chodanna d'iarnród nach féidir a leictriú. Go háirithe, ba cheart ***do na Ballstáit forléargas a thabhairt ar staid na himeartha, ar na peirspictíochtaí agus ar na tionscnaimh atá beartaithe*** chun loingseoireacht intíre a dhícharbónú feadh an ghréasáin TEN-T i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann. ***D'fhéadfaí*** straitéisí fadtéarmacha dícharbónaithe a fhorbairt le haghaidh na gcalafort den ghréasán TEN-T agus na n-aerfort den ghréasán TEN-T, agus béim á leagan go háirithe ar bhonneagar a imscaradh le haghaidh soithí agus aerárthaí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha agus le haghaidh línte iarnróid nach ndéanfar a leictriú. Ar bhonn na straitéisí sin***, agus na sonraí maidir le sciar an mhargaidh agus an tráchta náisiúnta agus na réamh-mheastacháin margaidh á gcur san áireamh,*** ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú d'fhonn níos mó spriocanna sainordaitheacha breise a shocrú do na hearnálacha sin.

***(62) Tá forbairt teicneolaíochtaí breosla mhalartaigh tábhachtach freisin d'iarnróid, i gcás ina bhfuil seans ann nach bhféadfaí cuid den iarnróid a leictriú ar chúiseanna amhail cost-éifeachtúlacht na seirbhíse. Tá teicneolaíochtaí éagsúla ar fáil don earnáil iarnróid lenar féidir léi aistriú ó thraenacha díosail, lena n-áirítear leictriú díreach, traenacha faoi thiomáint ceallraí agus feidhmeanna hidrigine. Chun na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt, is gá bonneagar oiriúnach athluchtaithe agus athbhreoslaithe a imscaradh sna Ballstáit.***

(63) Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as réimse leathan dreasachtaí agus beart rialála agus neamhrialála chun na spriocanna sainordaitheacha a bhaint amach agus chun na creataí beartais náisiúnta a chur chun feidhme, i ndlúthchomhar le gníomhaithe na hearnála príobháidí, ar cheart dóibh príomhról a ghlacadh chun tacú le bonneagar breoslaí malartacha a fhorbairt.

(64) De bhun Threoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], forchoimeádtar íosmhéid scaireanna náisiúnta den soláthar poiblí le haghaidh busanna glana agus busanna astaíochtaí nialasacha, i gcás ina n-úsáideann bus glas breoslaí malartacha mar a shainítear sa Rialachán seo. Agus méadú ag teacht ar an líon údarás iompair phoiblí agus ar an líon oibreoirí atá ag athrú chuig busanna glana agus chuig busanna astaíochtaí nialasacha chun na spriocanna sainordaitheacha sin a bhaint amach, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit cur chun cinn agus forbairt spriocdhírithe an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe busanna is gá a áireamh mar phríomhghné ina gcreataí beartais náisiúnta. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfadh na Ballstáit ionstraimí iomchuí a bhunú agus a choinneáil ar bun chun imscaradh bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh busanna agus le haghaidh flíteanna faoi chuing a chur chun cinn freisin, go háirithe le haghaidh busanna glana agus busanna astaíochtaí nialasacha ar an leibhéal áitiúil.

---

**18** Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan a chur chun cinn chun tacú le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5).

(65) I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an éagsúlacht ó thaobh chineál na mbreoslaí atá ar fáil le haghaidh mótarfheithiclí mar aon leis an bhfás leanúnach ar shoghluaisteacht saoránach de bhóthar ar fud an Aontais, is gá faisnéis chruinn shothuigthe a sholáthar do thomhaltóirí faoi na breoslaí atá ar fáil ag stáisiúin athbhreoslaithe agus faoi chomhoiriúnacht a bhfeithiclí le breoslaí éagsúla nó pointí athluchtaithe ar mhargadh an Aontais. ▌

(66) Faisnéis shimplí faoi phraghsanna na mbreoslaí éagsúla, faisnéis trínar féidir praghsanna a chur i gcomparáid le chéile go héasca, d’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an bhfaisnéis sin chun a chur ar a gcumas do thomhaltóirí meastóireacht a dhéanamh ar chostas coibhneasta na mbreoslaí aonair atá ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, comparáid praghsanna aonaid le haghaidh breoslaí malartacha áirithe agus gnáthbhreoslaí áirithe, arna sloinneadh mar ‘phraghas breosla in aghaidh 100 km’ ba cheart an chomparáid sin a ***thaispeáint*** chun críoch faisnéise ag na stáisiúin athbhreoslaithe ábhartha ar fad. ***Ba cheart soiléiriú a thabhairt do thomhaltóirí ar an mbaint atá ag comparáidí den sórt seo leis na meánphraghsanna breosla sa Bhallstát, praghsanna a d’fhéadfadh a bheith éagsúil leis na fíorphraghsanna a ghearrtar ag an stáisiún breosla lena mbaineann. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún, más iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 1999/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] chun a áirithiú, maidir leis an bhfaisnéis do thomhaltóirí faoi bharainneacht breosla agus astaíochtaí $CO_2$ i dtaca le gluaisteáin nua paisinéirí a mhargú, dá bhforáiltear sa Treoir sin, go gcuirfear san áireamh agus go léireofar inti na forbairtí a bhaineann leis an aistriú chuig breoslaí malartacha.***

---

[19] ***Treoir 1999/94/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 13 Nollaig 1999 a bhaineann le hinfhaighteacht faisnéise do thomhaltóirí maidir le barainneacht bhreosla agus astaíochtaí $CO_2$ i dtaca le gluaisteáin phaisinéirí nua a mhargú (IO L 12, 18.1.2000, lch. 16).***

(67) Is gá faisnéis leordhóthanach a sholáthar do thomhaltóirí maidir le suíomh geografach na bpointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh na mbreoslaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mar aon le tréithe na bpointí sin agus na seirbhísí a thairgtear iontu. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanann oibreoirí nó úinéirí pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal na sonraí statacha agus sonraí dinimiciúla ábhartha a chur ar fáil. Ba cheart ceanglais a leagan síos maidir le cineálacha sonraí i ndáil le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht na sonraí ábhartha a bhaineann leis an athluchtú agus leis an athbhreoslú, beart a bheadh ag cur le torthaí na Gníomhaíochta Tacaíochta Cláir maidir le 'Bailiú sonraí a bhaineann le pointí athluchtaithe/athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha agus na cóid uathúla aitheantais a bhaineann le gníomhaithe leictrea-shoghluaisteachta' ('IDACS'), a tugadh i gcrích in 2022.

***(68) Tugtar aghaidh sa Rialachán seo ar chineálacha sonraí atá riachtanach d'fheidhmiú margaidh iomaíoch agus oscailte, agus atá bunriachtanach d'úsáideoirí deiridh chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena seisiúin athluchtaithe agus athbhreoslaithe lena n-áirítear trí sheirbhísí faisnéise ardcháilíochta arna bhforbairt ag gníomhaire margaidh ábhartha. Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le cineálacha sonraí a leagtar síos sa Rialachán seo ach amháin maidir leis na sonraí atá ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín***

(69) Ba cheart ról bunúsach a bheith ag sonraí i bhfeidhmiú leormhaith an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe. An fhormáid, an mhinicíocht agus an cháilíocht inar cheart na sonraí sin a chur ar fáil agus a bheith inrochtana, ▌ is orthu sin a bhraitheann cáilíocht fhoriomlán an bhonneagair breoslaí mhalartacha a chomhlíonann riachtanais na n-úsáideoirí. Thairis sin, ba cheart na sonraí sin a bheith inrochtana ar bhealach comhleanúnach sna Ballstáit ar fad. ***Ba cheart do na Ballstáit na sonraí maidir le bonneagar breoslaí malartacha a chur ar fáil mar shonraí oscailte trína bpointe rochtana náisiúnta*** i gcomhréir le ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún***[20] ***agus i gcomhréir leis na sonraíochtaí breise atá comhlántach leo siúd a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart freisin go bhféadfaí na sonraí sin a sholáthar do phointe rochtana coiteann Eorpach ar cheart don Choimisiún é a bhunú agus ba cheart dó feidhmiú mar thairseach aonair sonraí de chuid an Aontais le haghaidh na sonraí a chuireann oibreoirí ar fáil sna*** pointí rochtana náisiúnta*.* ***Ba cheart don phointe rochtana coiteann Eorpach, i gcás inar féidir, cur le struchtúir agus le feidhmeanna na Faireachlainne Eorpaí um Breoslaí Malartacha (EAFO***) ***atá ann cheana i gcomhar leis an gCóras Faisnéise TENtec nó, mar shampla, ba cheart rochtain a thabhairt air trí thairseach gréasáin thiomnaithe. Ba cheart go gcuirfeadh an pointe rochtana coiteann Eorpach ar chumas úsáideoirí sonraí rochtain éasca a fháil ar shonraí, comparáid a dhéanamh ar fhaisnéis faoi phraghsanna agus faisnéis ábhartha a fháil maidir le saintréithe an bhonneagair breoslaí malartacha, amhail inrochtaineacht, infhaighteacht nó toilleadh cumhachta***.

*20* ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama uile-AE a sholáthar (IO L 122, 25.4.2022, lch. 1).***

(70) Tá sé ríthábhachtach gur féidir leis na gníomhaithe ar fad san earnáil soghluaisteachta leictrí idirghníomhú go héasca trí mheáin dhigiteacha chun an tseirbhís ar an gcáilíocht is fearr a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Chun idirghníomhú den sórt sin a dhéanamh tá gá le haitheantóirí uathúla do na gníomhaithe sa luachslabhra. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit uile Eagraíocht um Chlárú Aitheantais ('IDRO') a bhunú chun cóid aitheantais uathúla a eisiúint agus a bhainistiú chun oibreoirí pointí athluchtaithe agus soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta a shainaithint ar a laghad. Ba cheart do gach IDRO faisnéis faoi na cóid aitheantais leictrea-shoghluaisteachta atá in úsáid cheana sa Bhallstát féin a bhailiú; cóid aitheantais leictrea-shoghluaisteachta nua a eisiúint, i gcás inar gá, d'oibreoirí pointí athluchtaithe agus do sholáthraithe seirbhísí soghluaisteachta faoi loighic choiteann arna comhaontú ar fud an Aontais lena ndéantar cóid aitheantais leictrea-shoghluaisteachta a fhormáidiú, agus ba cheart dó malartú na gcód leictrea-shoghluaisteachta sin a chumasú agus a n-uathúlacht a fhíorú trí Stóras Clárúcháin Aitheantais coiteann ('IDRR') a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart don Choimisiún treoir theicniúil a eisiúint maidir leis na heagraíochtaí sin a bhunú, agus leas á bhaint as toradh IDACS.

(71) Ba cheart na sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe a shonrú i gcaighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta. Ba cheart do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú na caighdeáin Eorpacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí na caighdeáin sin a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta atá ann faoi láthair nó ar obair idirnáisiúnta leanúnach caighdeánaithe, i gcás inarb infheidhme. ***Chuige sin, tá sé tábhachtach leanúint ar aghaidh go tapa leis na próisis chaighdeánaithe Eorpacha don bhonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe, rud lena dtabharfaí tacaíocht chun cloí leis an amlíne is gá chun an bonneagar a cheanglaítear faoin Rialachán seo a phleanáil, tairiscintí a lorg ina leith agus é a thógáil. Tá sé tábhachtach freisin tús a chur leis na próisis chaighdeánaithe, nó dlús a chur leo, chun bonneagar athluchtaithe comhchuibhithe ar fud an Aontais a bhaint amach le haghaidh athluchtú seasta agus athluchtú dinimiciúil.***

(*72*) Tá gá le caighdeáin nua le haghaidh an iompair mhuirí agus na loingseoireachta intíre chun iontráil breoslaí malartacha isteach sa mhargadh a éascú agus a chomhdhlúthú, ar caighdeáin iad a bhaineann le soláthar leictreachais agus hidrigine, buncaireacht meatánóil agus amóinia, agus tá gá le caighdeáin maidir le malartú cumarsáide idir soithí agus an bonneagar freisin.

**21** Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(*73*) Forbraíonn an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('IMO') caighdeáin sábháilteachta agus chomhshaoil aonfhoirmeacha, a aithnítear go hidirnáisiúnta, le haghaidh iompar muirí. Ba cheart coinbhleachtaí le caighdeáin idirnáisiúnta a sheachaint i bhfianaise chineál domhanda an iompair mhuirí. Dá bhrí sin, i dtaca le haon sonraíocht theicniúil maidir le hiompar muirí arna glacadh de bhun an Rialacháin seo ba cheart don Aontas a áirithiú go bhfuil na sonraíochtaí sin comhsheasmhach leis na rialacha idirnáisiúnta arna nglacadh ag IMO.

(74) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na grúpaí saineolaithe ábhartha, go háirithe an Fóram Iompair Inbhuanaithe ('STF') agus Fóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe ('ESSF'). Is rud tábhachtach é comhairliúchán den sórt sin le saineolaithe go háirithe nuair atá sé beartaithe ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme a ghlacadh faoin Rialachán seo.

(75) Is réimse é réimse na mbreoslaí malartacha atá ag forbairt go tapa. An easpa sonraíocht choiteann theicniúil, is bacainn í ar mhargadh aonair a chruthú le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha. Dá bhrí sin, is gá sonraíochtaí teicniúla a leagan síos do réimsí ina bhfuil gá le sonraíochtaí teicniúla coiteanna iontu ach nach ann dóibh go fóill. Ba cheart go n-áireofaí leis na sonraíochtaí teicniúla sin go háirithe an chumarsáid idir an fheithicil leictreach agus an pointe athluchtaithe, an chumarsáid idir an pointe athluchtaithe agus córas bainistíochta an bhogearra athluchtaithe (cúil), an teachtaireacht a bhaineann leis an tseirbhís fánaíochta feithiclí leictreacha agus an chumarsáid leis an eangach leictreachais, agus an leibhéal is airde cosanta cibearshlándála ***agus cosanta sonraí pearsanta na gcustaiméirí deiridh á áirithiú ag an am céanna***. Is gá freisin creat rialachais oiriúnach a bhunú, agus róil na ngníomhaithe difriúla a bhfuil baint acu leis an éiceachóras cumarsáide ó fheithicil go heangach a bhunú. Thairis sin, ní mór forbairtí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn, amhail córais bóithre leictreacha a chur san áireamh, ***go háirithe soláthar cumhachta dinimiciúil lastuas trí phantagraf, soláthar cumhachta dinimiciúil ar leibhéal na talún trí ráillí seoltacha agus soláthar cumhachta ionduchtach trí chornaí sa bhóthar***. Maidir le soláthar sonraí, is gá ***cineálacha sonraí breise, amhail na sonraí a bhaineann le saoráidí a thairgeann seirbhísí gaolmhara d'úsáideoirí deiridh, na sonraí a bhaineann leis na modhanna íocaíochta a nglactar leo, na sonraí a bhaineann leis na teangacha atá ar fáil maidir leis an mbonneagar agus na sonraí a bhaineann le seirbhísí athluchtaithe cliste agus déthreocha a sholáthar, a chur leis na sonraí faoin athluchtú atá inrochtana don phobal.***

*(76)* Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla breise a bhunú agus chun an Rialachán seo a leasú trí chineálacha sonraí breise a chur leis, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le ceanglais theicniúla choiteanna do chomhchomhéadan feidhmchláir coiteann chun malartú sonraí uathoibrithe agus aonfhoirmeach a chumasú idir oibreoirí pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal agus úsáideoirí sonraí. ***Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[22]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe***.

[22] ***IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.***

***(77) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le forbairt forálacha lipéadaithe, formáid, minicíocht agus cáilíocht sonraí atá inrochtana go poiblí ag pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe agus atá le cur ar fáil agus le bheith inrochtana faoin Rialachán seo agus maidir leis an nós imeachta lena gcumasaítear an infhaighteacht agus an inrochtaineacht sin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23].***

(78) Tá an margadh le haghaidh breoslaí malartacha agus breoslaí astaíochtaí nialasacha go háirithe i gcéimeanna luatha na forbartha agus tá an teicneolaíocht ag athrú go tapa. Is dócha go ndéanfaidh an fhorbairt sin difear don éileamh ar bhreoslaí malartacha agus, dá bhrí sin, ar bhonneagar breoslaí malartacha thar gach modh iompair. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún***, faoin 31 Nollaig 2024, tuarascáil maidir le hullmhacht teicneolaíochta agus margaidh a thíolacadh atá tiomnaithe d'fheithiclí tromshaothair. Ba cheart na chéad chomharthaí ar roghanna an mhargaidh a chur san áireamh sa tuarascáil sin agus ba cheart forbairt theicneolaíoch agus forbairt na sonraíochtaí teicniúla a bhreathnú inti. Faoin 31 Nollaig 2026 agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo***.

***[23] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).***

***(79)*** ***Ós rud é go mbeidh costais bhreise choigeartaithe agus riaracháin mar thoradh ar an Rialachán seo, ba cheart athbhreithniú grinn a dhéanamh ar an ualach rialála foriomlán ar na hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, sa tuarascáil uaidh ina ndéanfar meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí an Rialacháin seo agus ar a mhéid a bhí tionchar aige ar iomaíochas na n-earnálacha ábhartha. Ba cheart don athbhreithniú sin idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais a chumhdach freisin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus bearta féideartha a rinneadh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an brú costais iomlán ar na hearnálacha ábhartha a laghdú.***

(80) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon ***imscaradh bonneagair leordhóthanaigh breoslaí malartacha san Aontas a áirithiú, go háirithe le haghaidh feithiclí bóthair, soithí agus aerárthaí ina stad***, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr an ghá atá le ▌ soghluaisteacht feithiclí breoslaí malartacha ar fud an Aontais a chumasú, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(81) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/94/AE a aisghairm***. Leagtar amach i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/1745***[24] ***agus (AE) 2021/1444***[25] ***ón gCoimisiún sonraíochtaí teicniúla gan dáta le haghaidh cineálacha áirithe bonneagair breoslaí malartacha agus déantar na sonraíochtaí sin a dhátú agus a liostáil anois in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin Tharmligthe sin a aisghairm freisin***,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

1.

[24] ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1745 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar agus lena leasaítear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pointí athluchtaithe do mhótarfheithiclí de chatagóir L, soláthar leictreachais cois cladaigh do shoithí uiscebhealaí intíre, soláthar hidrigine d'iompar de bhóthar agus soláthar gáis nádúrtha d'iompar de bhóthar agus d'iompar d'uisce agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/674 ón gCoimisiún (IO L 268, 22.10.2019, lch. 1).***

[25] ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1444 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh busanna leictreacha (IO L 313, 6.9.2021, lch. 1).***

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo spriocanna náisiúnta éigeantacha maidir le bonneagar leordhóthanach breoslaí malartacha a imscaradh san Aontas d'fheithiclí bóthair, traenacha, soithí agus aerárthaí ina stad. Leagtar síos ann sonraíochtaí teicniúla coiteanna agus ceanglais maidir le faisnéis úsáideora, soláthar sonraí agus ceanglais íocaíochta le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha.

2. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin rialacha maidir leis na creataí beartais náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 14 atá le glacadh ag na Ballstáit, lena n-áirítear imscaradh bonneagair breoslaí malartacha i limistéir agus réimsí nach bhfuil spriocanna éigeantacha uile-Aontais socraithe iontu agus maidir leis an tuairisciú ar imscaradh bonneagair den sórt sin.

3. Bunaítear leis an Rialachán seo sásra tuairiscithe chun comhar a spreagadh agus áirithítear leis go ndéanfar dul chun cinn a rianú go géar. Beidh an sásra tuairiscithe i bhfoirm próiseas struchtúrtha, trédhearcach agus atriallach a bheidh ar siúl idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun bailchríoch a chur ar na creataí beartais náisiúnta***, agus straitéisí áitiúla agus réigiúnacha atá ann cheana le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha a úsáid á gcur san áireamh,*** mar aon lena gcur chun feidhme ina dhiaidh sin agus gníomhaíocht chomhfhreagrach an Choimisiúin ***chun tacú le bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh sna Ballstáit ar bhealach comhleanúnach agus níos tapa***.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'inrochtaineacht sonraí' féidearthacht sonraí a iarraidh agus a fháil tráth ar bith i bhformáid atá inléite ag meaisín ▌;

(2) ciallaíonn 'praghas *ad hoc*' an praghas a ghearrann oibreoir pointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe ar an úsáideoir deiridh as athluchtú nó athbhreoslú ar bhonn *ad hoc*;

***(3) ciallaíonn 'feadh an ghréasáin bóithre TEN-T':***

***(a) maidir le stáisiúin athluchtaithe leictreacha: go bhfuil siad lonnaithe ar an ngréasán bóithre TEN-T nó laistigh d'fhad tiomána 3 km ón mbealach amach is gaire do bhóthar TEN-T; agus***

(b) ***maidir le stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine: go bhfuil siad lonnaithe ar an ngréasán bóithre TEN-T nó laistigh d'fhad tiomána 10 km ón mbealach amach is gaire do bhóthar TEN-T;***

(4) ciallaíonn ‘breoslaí malartacha’ breoslaí nó foinsí cumhachta is féidir a úsáid, ar a laghad go páirteach, in ionad foinsí breosla ola iontaise san fhuinneamh le haghaidh an iompair, agus a d’fhéadfadh cur leis an méid carbóin atá ann a ísliú, agus le feidhmiú comhshaoil na hearnála iompair a fheabhsú, lena n áirítear:

(a) ‘breoslaí malartacha le haghaidh feithiclí***, traenacha, soithí nó aerárthaí*** astaíochtaí nialasacha***’***:

– leictreachas,

– hidrigin,

– amóinia,

(b) ‘breoslaí in-athnuaite’:

– breoslaí bithmhaise***, lena n-áirítear bithghás,*** agus bithbhreoslaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (27)***, (28)*** agus (33), faoi seach, de Threoir (AE) 2018/2001,

– breoslaí sintéiseacha agus breoslaí pairifíneacha, lena n-áirítear amóinia, a tháirgtear le fuinneamh in-athnuaite,

(c) ‘breoslaí malartacha ▌ ***neamh-inathnuaite agus breoslaí iontaise*** idirthréimhseacha’

- gás nádúrtha i bhfoirm ghásach (gás nádúrtha comhbhrúite (GNC) agus i bhfoirm leachtaithe (gás nádúrtha leachtaithe) (GNL)),

- gás peitriliam leachtaithe (GPL),

- breoslaí sintéiseacha agus breoslaí pairifíneacha a tháirgtear le fuinneamh neamh-inathnuaite;

***(5) ciallaíonn ‘láthair teagmhála aerárthaigh’ láthair i limistéar ainmnithe de naprún an aerfoirt a bhfuil droichead bordála paisinéirí ann;***

***(6) ciallaíonn ‘cianláthair aerárthaigh’ láthair i limistéar ainmnithe de naprún an aerfoirt nach bhfuil droichead bordála paisinéirí ann;***

(7) ciallaíonn ‘aerfort den chroíghréasán TEN-T nó aerfort den ghréasán cuimsitheach TEN-T’ aerfort mar a liostaítear agus mar a aicmítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le ▌ Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

▌

(8) ciallaíonn ‘fíordheimhniú uathoibríoch’ fíordheimhniú feithicle ag pointe athluchtaithe tríd an nascóir athluchtaithe nó trí theileamaitic;

(9) ciallaíonn ‘infhaighteacht sonraí’ sonraí a bheith ar fáil i bhformáid dhigiteach atá inléite ag meaisín***;***

(10) ciallaíonn ‘feithicil cheallra-leictreach’ feithicil leictreach arb é an mótar leictreach an t-aon chumhacht inti, gan an dara foinse tiomána inti;

(11) ciallaíonn ‘athluchtú déthreoch’ oibríocht athluchtaithe chliste inar féidir an sreabhadh leictreachais a iompú, ionas go sreabhann an leictreachas ón gceallra chuig an bpointe athluchtaithe lena bhfuil sé nasctha;

(12) ciallaíonn ‘nascóir’ an comhéadan fisiceach idir an pointe athluchtaithe ***nó an pointe athbhreoslaithe*** agus an fheithicil ▌, trína ndéantar an ***breosla nó*** an fuinneamh leictreach a mhalartú;

(13) ciallaíonn ‘aeriompar tráchtála’ aeriompar tráchtála mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (24) de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26];

---

**26** Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) ***Uimh. 3922/91*** ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

(14) ciallaíonn 'long coimeádán' long a cheaptar go heisiach chun coimeádáin a iompar i mbroinnte agus ar deic;

(15) ciallaíonn 'íocaíocht chonradh-bhunaithe' íocaíocht as seirbhís athluchtaithe nó athbhreoslaithe ón úsáideoir deiridh le soláthraí seirbhísí soghluaisteachta ar bhonn conartha arna thabhairt i gcrích idir an t-úsáideoir deiridh sin agus an soláthraí seirbhísí soghluaisteachta sin;

***(16) ciallaíonn 'úsáideoir sonraí' aon údarás poiblí, údarás bóithre, oibreoir bóithre, oibreoir pointe athluchtaithe agus athbhreoslaithe, eagraíocht taighde nó neamhrialtasach, soláthraí seirbhíse soghluaisteachta, ardán ríomhfhánaíochta, soláthraí léarscáile digití nó aon eintiteas eile ar spéis leis sonraí a úsáid chun faisnéis a sholáthar, seirbhísí a chruthú nó taighde nó anailís a dhéanamh ar bhonneagar breoslaí malartacha;***

(17) ciallaíonn 'pointe athluchtaithe atá nasctha go digiteach' pointe athluchtaithe ar féidir leis faisnéis a sheoladh agus a fháil i bhfíor-am, cumarsáid dhéthreoch a dhéanamh leis an eangach leictreachais agus an fheithicil leictreach, agus ar féidir faireachán agus rialú cianda a dhéanamh air, lena n-áirítear chun an seisiún athluchtaithe a thosú agus a stopadh agus sreafaí leictreachais a thomhas;

(18) ciallaíonn 'oibreoir córais dáileacháin' oibreoir córais dáileacháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (29) de Threoir (AE) 2019/944;

***(19) ciallaíonn 'dáileoir' 'dáileoir' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (43), de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27];***

---

*27* ***Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).***

(20) ciallaíonn 'sonraí dinimiciúla' sonraí a athraíonn go minic nó go tráthrialta;

(21) ciallaíonn 'córas bóithre leictreacha' suiteáil fhisiceach feadh bóthair chun leictreachas a aistriú chuig an bhfeithicil leictreach a fhad is atá an fheithicil faoi shiúl;

(22) ciallaíonn 'feithicil leictreach' mótarfheithicil atá feistithe le gléasra cumhachta ina bhfuil meaisín leictreach neamh-imeallach amháin ar a laghad mar thiontaire fuinnimh ag a bhfuil córas stórála fuinnimh in-athluchtaithe leictreach, is féidir a athluchtú go seachtrach;

(23) ciallaíonn 'soláthar leictreachais d'aerárthach ina stad' leictreachas a sholáthar trí chomhéadan doghluaiste nó soghluaiste caighdeánaithe d'aerárthach nuair a bhíonn sé ar ***láthair teagmhála aerárthaigh*** nó ar ***chianláthair teagmhála aerárthaigh***;

(24) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' duine nádúrtha nó dlítheanach a cheannaíonn breosla malartach lena úsáid go díreach i bhfeithicil;

(25) ciallaíonn 'ríomhfhánaíocht' malartú sonraí agus íocaíochtaí idir oibreoir pointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe agus soláthraí seirbhísí soghluaisteachta óna gceannaíonn úsáideoir deiridh seirbhís athluchtaithe nó athbhreoslaithe;

(26) ciallaíonn 'ardán ríomhfhánaíochta' ardán lena nasctar gníomhaithe margaidh, go háirithe soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus oibreoirí pointí athluchtaithe nó athbhreoslaithe, chun soláthar seirbhísí eatarthu a chumasú, lena n-áirítear an ríomhfhánaíocht;

(27) ciallaíonn 'caighdeán Eorpach' caighdeán Eorpach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012***;***

***(28) ciallaíonn 'eitlíocht ghinearálta' gach oibríocht eitlíochta sibhialta seachas aersheirbhísí sceidealta agus oibríochtaí aeriompair neamhsceidealta ar luach saothair nó ar cíos;***

(29) ciallaíonn 'olltonnáiste' (GT) 'olltonnáiste' ▌ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (e) de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28];

---

**28** Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

(30) ciallaíonn 'feithicil tromshaothair' mótarfheithicil de Chatagóir $M_2$ mar a thuairiscítear in ***Airteagal 4(1), pointe (a)(ii)***, mótarfheithicil de Chatagóir $M_3$ mar a thuairiscítear in Airteagal 4(1), pointe (a)(iii), mótarfheithicil de Chatagóir $N_2$ mar a thuairiscítear in Airteagal 4(1), pointe (b)(ii) nó mótarfheithicil de Chatagóir $N_3$ mar a thuairiscítear ***in Airteagal 4(1), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) 2018/858***;

(31) ciallaíonn 'pointe athluchtaithe ardchumhachta' pointe athluchtaithe ag a bhfuil aschur cumhachta is mó ná 22 kW chun leictreachas a aistriú chuig feithicil leictreach;

(32) ciallaíonn 'árthach paisinéirí ardluais' 'árthach ardluais' mar a shainmhínítear i Rialachán 1 de Chaibidil X den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974 (SOLAS 74), a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir;

(33) ciallaíonn 'feithicil saothair éadroim' mótarfheithicil de Chatagóir $M_1$ mar a thuairiscítear ***in Airteagal 4(1), pointe (a)(i)*** nó mótarfheithicil de Chatagóir $N_1$ mar a thuairiscítear in ***Airteagal 4(1), pointe (b)(i), de Rialachán (AE) 2018/858***;

***(34) ciallaíonn 'meatán leachtaithe' GNL, bithghás leachtaithe nó meatán leachtaithe sintéiseach, lena n-áirítear cumaisc de na breoslaí sin;***

***(35) ciallaíonn 'monaróir' monaróir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (40), de Rialachán (AE) 2018/858;***

(36) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse soghluaisteachta’ duine dlítheanach a sholáthraíonn seirbhísí d’úsáideoir deiridh ar luach saothair, lena n-áirítear seirbhísí athluchtaithe a dhíol;

(37) ciallaíonn ‘pointe athluchtaithe gnáthchumhachta’ pointe athluchtaithe ag a bhfuil a aschur cumhachta faoi bhun nó cothrom le 22 kW chun leictreachas a aistriú chuig feithicil leictreach;

(38) ciallaíonn ‘Pointe Rochtana Náisiúnta’ comhéadan digiteach ***arna chur ar bun ag Ballstát ar pointe aonair rochtana ar shonraí é***;

(39) ciallaíonn ‘oibreoir pointe athluchtaithe’ an t-eintiteas atá freagrach as pointe athluchtaithe a bhainistiú agus a oibriú agus a sholáthraíonn seirbhís athluchtaithe d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear in ainm agus thar ceann soláthraí seirbhíse soghluaisteachta;

(40) ciallaíonn ‘oibreoir pointe athbhreoslaithe’ an t-eintiteas atá freagrach as pointe athbhreoslaithe a bhainistiú agus a oibriú agus a sholáthraíonn seirbhís athbhreoslaithe d'úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear in ainm agus thar ceann soláthraí seirbhíse soghluaisteachta;

(41) ciallaíonn ‘long paisinéirí’ long a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir, lena n-áirítear longa cúrsála, árthaí paisinéirí ardluais agus longa paisinéirí róró;

***(42) ciallaíonn ‘seirbhís íocaíochta’ ‘seirbhís íocaíochta’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29];***

(43) ciallaíonn ‘feithicil hibrideach inluchtaithe’ feithicil leictreach ina bhfuil gnáthinneall dócháin in éineacht le córas tiomána leictreach, is féidir a athluchtú ó fhoinse cumhachta leictrí seachtraí;

(44) ciallaíonn ‘aschur cumhachta’ an uaschumhacht theoiriciúil, arna sloinneadh ina kW, is féidir le pointe, stáisiún, nó comhthiomsú athluchtaithe, nó suiteáil soláthair leictreachais cois cladaigh a sholáthar d’fheithiclí nó do shoithí atá nasctha leis an bpointe, an stáisiún, an comhthiomsú nó an tsuiteáil athluchtaithe sin;

---

[29] ***Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/EC (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).***

(45) ciallaíonn ‘bonneagar breoslaí malartacha atá inrochtana don phobal’ bonneagar breoslaí malartacha atá suite ag suíomh nó ag áitreabh atá oscailte don phobal i gcoitinne, gan beann ar an mbonneagar breoslaí malartacha a bheith suite ar mhaoin phoiblí nó ar mhaoin phríobháideach, cibé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag teorainneacha nó coinníollacha i dtéarmaí rochtana ar an suíomh nó ar an áitreabh agus gan beann ar choinníollacha úsáide infheidhme an bhonneagair breoslaí malartacha;

(46) ciallaíonn ‘Cód Mearfhreagartha’ (cód QR) ionchódú agus amharcléiriú sonraí atá comhlíontach de réir ***ISO/IEC*** 18004***:2015***;

(47) ciallaíonn ‘athluchtú ar bhonn *ad hoc*’ seirbhís athluchtaithe as a n-íocann úsáideoir deiridh gan gá don úsáideoir deiridh sin clárú, comhaontú i scríbhinn a thabhairt i gcrích nó caidreamh tráchtála a dhéanamh le hoibreoir an phointe athluchtaithe a bhfuil níos mó i gceist leis ná an tseirbhís athbhreoslaithe a cheannach;

(48) ciallaíonn ‘pointe athluchtaithe’ comhéadan doghluaiste nó soghluaiste***, ar an eangach nó lasmuigh di,*** le haghaidh leictreachas a aistriú chuig feithicil leictreach, ar comhéadan é, bíodh go bhféadfadh nascóir amháin nó níos mó a bheith aige chun freastal ar chineálacha éagsúla nascóirí, nach bhfuil in ann ach feithicil leictreach amháin a athluchtú ag aon tráth amháin agus a n-eisiatar leis gairis a bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 3.7 kW nó cothrom leis sin acu agus nach bhfuil mar phríomhchuspóir acu feithiclí leictreacha a athluchtú***;***

(49) ciallaíonn ‘pointe, stáisiún nó comhthiomsú athluchtaithe atá tiomnaithe d’fheithiclí saothair éadroim’ pointe, stáisiún nó comhthiomsú athluchtaithe i gcomhair feithiclí saothair éadroim a athluchtú, mar gheall ar dhearadh sonrach na nascóirí nó na bplocóidí nó mar gheall ar dhearadh an spáis páirceála in aice leis an bpointe, stáisiún nó comhthiomsú athluchtaithe, nó mar gheall ar an dá dhearadh sin;

(50) ciallaíonn ‘pointe, stáisiún nó comhthiomsú athluchtaithe atá tiomnaithe d’fheithiclí tromshaothair’ pointe, stáisiún nó comhthiomsú athluchtaithe i gcomhair feithiclí tromshaothair a athluchtú, mar gheall ar dhearadh sonrach na nascóirí nó na bplocóidí nó mar gheall ar dhearadh an spáis páirceála in aice leis an bpointe, stáisiún nó comhthiomsú athluchtaithe, nó mar gheall ar an dá dhearadh sin;

(51) ciallaíonn ‘comhthiomsú athluchtaithe’ stáisiún athluchtaithe amháin nó níos mó ag suíomh sonrach;

(52) ciallaíonn ‘stáisiún athluchtaithe’ suiteáil fhisiceach ▌ ag suíomh sonrach, ina bhfuil pointe athluchtaithe amháin nó níos mó;

(53) ciallaíonn ‘seirbhís athluchtaithe’ leictreachas a dhíol nó a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí gaolmhara, trí phointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal;

(54) ciallaíonn ‘seisiún athluchtaithe’ an próiseas iomlán athluchtaithe feithicle ag pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal ón uair a nasctar an fheithicil go dtí an uair a dhínasctar an fheithicil;

(55) ciallaíonn ‘athbhreoslú ar bhonn *ad hoc*’ seirbhís athbhreoslaithe as a n-íocann úsáideoir deiridh gan gá don úsáideoir deiridh sin clárú, comhaontú i scríbhinn a thabhairt i gcrích, nó caidreamh tráchtála a dhéanamh le hoibreoir an phointe athluchtaithe a bhfuil níos mó i gceist leis ná an tseirbhís athbhreoslaithe a cheannach;

(56) ciallaíonn ‘pointe athbhreoslaithe’ saoráid athbhreoslaithe lena soláthraítear aon bhreosla ▌ leachtach nó gásach trí shuiteáil dhoghluaiste nó shoghluaiste, nach bhfuil in ann ach feithicil amháin***, traein amháin, soitheach amháin nó aerárthaí amháin*** a athbhreoslú ag aon tráth amháin;

(57) ciallaíonn ‘seirbhís athbhreoslaithe’ aon bhreosla ▌ leachtach nó gásach a dhíol nó a sholáthar trí phointe athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal;

(58) ciallaíonn ‘seisiún athbhreoslaithe’ an próiseas iomlán athbhreoslaithe feithicle ag pointe athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal ón uair a nasctar an fheithicil go dtí an uair a dhínasctar an fheithicil;

(59) ciallaíonn ‘stáisiún athbhreoslaithe’ suiteáil fhisiceach aonair ag suíomh sonrach, ina bhfuil pointe athbhreoslaithe amháin nó níos mó;

(60) ciallaíonn ‘údarás rialála’ údarás rialála arna ainmniú ag gach Ballstát de bhun Airteagal 57(1) de Threoir (AE) 2019/944;

(61) ciallaíonn ‘fuinneamh in-athnuaite’ ‘fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe (1) de Threoir (AE) 2018/2001;

(62) ciallaíonn 'long paisinéirí róró' long ina bhfuil saoráidí chun a chur ar chumas feithiclí bóthair nó iarnróid rolladh ar an soitheach agus rolladh as, agus a ina n-iompraítear breis agus 12 phaisinéir;

(63) ciallaíonn ***'limistéar*** páirceála sábháilte slán' ***limistéar páirceála atá inrochtana do thiománaithe atá i mbun earraí nó paisinéirí a iompar agus atá deimhnithe i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún[30];***

▌

(64) ciallaíonn 'soláthar leictreachais cois cladaigh' cumhacht leictreach cois cladaigh a sholáthar trí chomhéadan caighdeánaithe ***doghluaiste nó soghluaiste*** do longa farraige nó do shoithí uiscebhealaí intíre***, agus iad ar múráil le taobh na cé***;

(65) ciallaíonn 'athluchtú cliste' oibríocht athluchtaithe ina ndéantar déine an leictreachais a sheachadtar chuig an gceallra a choigeartú i bhfíor-am, ar bhonn faisnéis a fhaightear trí chumarsáid leictreonach;

(66) ciallaíonn 'sonraí statacha' sonraí nach n-athraíonn go minic ná go tráthrialta;

---

[30] ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin a bhunú lena sonraítear leibhéal seirbhíse agus slándála na limistéar páirceála sábháilte slán agus leis na nósanna imeachta chun iad a dheimhniú (IO L 170, 28.6.2022, lch. 27).***

(67) ciallaíonn ‘gréasán cuimsitheach TEN-T’ gréasán cuimsitheach de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

(68) ciallaíonn ‘croíghréasán TEN-T’ croíghréasán de réir bhrí Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

(69) ciallaíonn ‘calafort uiscebhealaigh intíre den chroíghréasán TEN-T agus calafort uiscebhealaigh intíre den ghréasán cuimsitheach TEN-T’ calafort uiscebhealaigh intíre den chroíghréasán TEN-T nó den ghréasán cuimsitheach TEN-T, mar a liostaítear agus a aicmítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

(70) ciallaíonn ‘calafort muirí den chroíghréasán TEN-T nó calafort muirí den ghréasán cuimsitheach TEN-T’ calafort muirí den chroíghréasán TEN-T nó den ghréasán cuimsitheach TEN-T, mar a liostaítear agus a aicmítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

(71) ciallaíonn ‘oibreoir córais tarchurtha’ oibreoir córais tarchurtha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (35) de Threoir (AE) 2019/944;

(72) ciallaíonn ‘nód uirbeach’ nód uirbeach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (p) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013;

Airteagal 3

Spriocanna maidir le bonneagar athluchtaithe leictreach atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar***, ina gcríoch, stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim a imscaradh ar bhealach atá i gcomhréir le glacadh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus go soláthróidh siad aschur cumhachta leordhóthanach do na feithiclí sin.***

Chuige sin***,*** áiritheoidh na Ballstáit, ag deireadh gach bliana, ag tosú ó ***[***bliain ***dháta an chur i bhfeidhm*** dá dtagraítear in Airteagal 26], go gcomhlíonfar na spriocanna don aschur cumhachta seo a leanas go carnach:

(a) le haghaidh gach feithicle ceallra saothair éadroim atá cláraithe ina gcríoch, go soláthrófar aschur cumhachta iomlán ***1,3*** kW ar a laghad trí stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal; agus

(b) le haghaidh gach feithicle hibridí inluchtaithe saothair éadroim atá cláraithe ina gcríoch, go soláthrófar aschur cumhachta iomlán ***0,80*** kW ar a laghad trí stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal.

***2.	Nuair a shroicheann sciar na bhfeithiclí ceallra-leictreacha  saothair éadroim i gcomparáid leis an bhflít iomlán feithiclí saothair éadroim arna gclárú i gcríoch Ballstáit 15% ar a laghad agus má léiríonn an Ballstát go bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag baint le cur chun feidhme na gceanglas a leagtar amach i mír 1, an dara fomhír, sa Bhallstát sin, is é sin go bhfuil infheistíochtaí príobháideacha á ndíspreagadh dá thoradh, agus nach bhfuil bonn cirt leis sin a thuilleadh, féadfaidh an Ballstát sin iarraidh réasúnaithe ar údarú a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun ceanglais níos ísle a chur i bhfeidhm maidir le leibhéal an aschuir cumhachta iomláin de nó chun scor de cheanglais den sórt sin a chur i bhfeidhm.***

***3.	Déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 6 mhí tar éis dó iarraidh réasúnaithe arna tíolacadh de bhun mhír 2 a fháil, cinneadh a ghlacadh de réir mar a bheidh bonn cirt leis i ngach cás.***

4.	Áiritheoidh na Ballstáit cumhdach íosta maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim ar an ngréasán bóithre ina gcríoch.

Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit:

(a)	go n-imscarfar i ngach treo taistil, agus fad uasta 60 km eatarthu feadh an chroíghréasáin bóithre TEN-T, comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim lena gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(i) faoin 31 Nollaig 2025, ***400*** kW d’aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh ***pointe*** amháin athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad;

(ii) faoin 31 Nollaig ***2027***, 600 kW d’aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh dhá ***phointe*** athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad.

(b) go n-imscarfar i ngach treo taistil, agus fad uasta 60 km eatarthu feadh an ghréasáin bóithre chuimsithigh TEN-T, comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d’fheithiclí leictreacha saothair éadroim lena gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

***(i) faoin 31 Nollaig 2027, feadh 50 % ar a laghad d’fhad an ghréasáin bóithre chuimsithigh TEN-T, 300 kW d’aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aon phointe athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad.***

(ii) faoin 31 Nollaig 2030, 300 kW d'aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh ***pointe*** athluchtaithe amháin ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad;

(iii) faoin 31 Nollaig 2035, 600 kW d''aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh dhá ***phointe*** athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad.

***5. Bunófar ríomh an chéatadáin d'fhad ghréasán bóithre cuimsitheach TEN-T dá dtagraítear i mír 4, pointe (b)(i), bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:***

***(a) chun an t-ainmneoir a ríomh: fad iomlán an ghréasáin bóithre chuimsithigh TEN-T laistigh de chríoch an Bhallstáit;***

***(b) chun an t-uimhreoir a ríomh: fad carntha na gcodanna den ghréasán bóithre cuimsitheach TEN-T idir dhá chomhthiomsú athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 4, pointe (b)(i), cé is moite d'aon chuid den ghréasán bóithre cuimsitheach TEN-T idir dhá cheann de na comhthiomsuithe athluchtaithe sin atá níos faide ná 60 km ó chéile.***

6. ***Féadfar comhthiomsú athluchtaithe aonair atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim a imscaradh feadh bóithre den ghréasán TEN-T don dá threo taistil ar choinníoll:***

   (a) ***go mbeidh an comhthiomsú athluchtaithe inrochtana go héasca ón dá threo taistil;***

   (b) ***go mbeidh comharthaíocht leordhóthanach ann maidir leis an gcomhthiomsú athluchtaithe; agus***

   (c) ***go ndéanfar na ceanglais a leagtar amach i mír 4 maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, aschur cumhachta iomlán an chomhthiomsaithe athluchtaithe, an líon pointí athluchtaithe agus aschur cumhachta pointí athluchtaithe aonair, ar ceanglais iad is infheidhme maidir le treo taistil aonair, a chomhlíonadh i gcás an dá threo taistil.***

7. ***De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, feadh bóithre den ghréasán TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil iomlán níos lú ná 8 500 feithicil saothair éadroim agus i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt le himscaradh bonneagair ó thaobh costais agus tairbhí socheacnamaíocha de, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go bhfreastalóidh comhthiomsú athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim ar an dá threo taistil ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais is infheidhme maidir le treo taistil aonair a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, aschur cumhachta iomlán an chomhthiomsaithe athluchtaithe, an líon pointí athluchtaithe agus aschur cumhachta pointí athluchtaithe aonair, agus go bhfuil an comhthiomsú athluchtaithe sin inrochtana go héasca ón dá threo taistil agus go mbeidh comharthaíocht leordhóthanach ann maidir leis. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.***

8. *De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, feadh bóithre de chuid an ghréasáin TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil iomlán níos lú ná 8 500 feithicil saothair éadroim agus i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt le himscaradh bonneagair ó thaobh costais agus tairbhí socheacnamaíocha de, féadfaidh na Ballstáit laghdú suas le 50 % a dhéanamh ar an aschur cumhachta iomlán a bheidh ag comhthiomsú athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí saothair éadroim agus a éilítear de bhun mhír 4 den Airteagal seo, ar choinníoll nach bhfreastalaíonn an comhthiomsú athluchtaithe ach ar threo taistil amháin agus go gcomhlíonfar na ceanglais eile a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, an líon pointí athluchtaithe agus aschur cumhachta pointí athluchtaithe aonair. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.*

9. *De mhaolú ar an gceanglas a bhaineann le hachar uasta 60 km idir comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí saothair éadroim a leagtar amach i mír 4, pointí (a) agus (b) den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit achar níos faide suas le 100 km a cheadú i gcás comhthiomsuithe athluchtaithe den sórt sin feadh bóithre den chroíghréasán TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil is lú ná 3 000 feithicil saothair éadroim, ar choinníoll go mbíonn comharthaíocht leordhóthanach ann maidir leis an achar idir comhthiomsuithe athluchtaithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.*

***10.*** ***I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag Ballstát don Choimisiún faoi chás inar bhain sé úsáid as maolú dá dtagraítear i mír 7, measfar gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach i mír 4, pointí (a) agus (b), maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe.***

11. Áiritheoidh na Ballstáit chomharsanachta nach sárófar na hachair uasta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de ***mhír 4*** maidir le codanna trasteorann den chroíghréasán bóithre TEN-T agus den ghréasán bóithre cuimsitheach TEN-T.

Airteagal 4

Spriocanna maidir le bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair

1. Áiritheoidh na Ballstáit cumhdach íosta maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair ina gcríoch.

Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit:

***(a)*** ***faoin 31 Nollaig 2025, feadh 15 % ar a laghad d'fhad an ghréasáin bóithre TEN-T, imscarfar comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair i ngach treo taistil agus beidh aschur cumhachta 1400 kW ar a laghad ag gach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a bhfuil aschur cumhachta aonair 350 kW ar a laghad aige;***

***(b) faoin 31 Nollaig 2027, feadh 50 % ar a laghad d'fhad an ghréasáin bóithre TEN-T, imscarfar comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair i ngach treo taistil agus beidh an méid seo a leanas fíor i gcás gach comhthiomsaithe athluchtaithe:***

***(i) feadh an chroíghréasáin bóithre TEN-T, tairgfear 2800 kW d'aschur cumhachta ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh dhá phointe athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 350 kW ar a laghad;***

***(ii) feadh an ghréasáin bóithre chuimsithigh TEN-T, 1 400 kW d'aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear agus beidh pointe athluchtaithe amháin ar a laghad ann ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 350 kW ar a laghad;***

(c) ***faoin 31 Nollaig 2030,*** feadh an chroíghréasáin bóithre TEN-T, imscarfar comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair i ngach treo taistil agus achar uasta 60 km eatarthu ***agus 3600 kW d'aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh dhá phointe athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 350 kW ar a laghad;***

▌

(d) ***faoin 31 Nollaig 2030,*** feadh an ghréasáin bóithre chuimsithigh TEN-T, imscarfar comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d’fheithiclí leictreacha tromshaothair i ngach treo taistil agus achar uasta 100 km eatarthu ***agus aschur cumhachta 500 kW ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh pointe athluchtaithe amháin ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 350 kW ar a laghad;***

▌

***(e) faoin 31 Nollaig 2027, i ngach limistéar páirceála sábháilte slán, imscarfar dhá stáisiún athluchtaithe ar a laghad atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d’fheithiclí leictreacha tromshaothair ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 100 kW ar a laghad;***

(f) faoin 31 Nollaig 2030, i ngach limistéar páirceála sábháilte slán, imscarfar ***ceithre stáisiún*** athluchtaithe ar a laghad atá ***inrochtana don phobal*** agus atá tiomnaithe d’fheithiclí leictreacha tromshaothair ag a mbeidh aschur cumhachta ***aonair*** 100 kW ar a laghad;

(g) faoin 31 Nollaig 2025, imscarfar i ngach nód uirbeach pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair ag a mbeidh ***900*** kW d'aschur cumhachta comhiomlánaithe ar a laghad, arna soláthar ag stáisiúin athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad;

(h) faoin 31 Nollaig 2030, imscarfar i ngach nód uirbeach pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair ag a mbeidh ***1800*** kW d'aschur cumhachta comhiomlánaithe ar a laghad, arna soláthar ag stáisiúin athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad;

***2. Bunófar ríomh an chéatadáin d'fhad an ghréasáin bóithre TEN-T dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:***

***(a) chun an t-ainmneoir a ríomh: fad iomlán an ghréasáin bóithre TEN-T laistigh de chríoch an Bhallstáit;***

***(b) chun an t-uimhreoir a ríomh: fad carntha na gcodanna den ghréasán bóithre TEN-T idir dhá chomhthiomsú athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (a) nó (b) faoi seach, cé is moite d'aon chuid den ghréasán bóithre TEN-T idir dhá cheann de na comhthiomsuithe athluchtaithe sin atá níos faide ná 120 km ó chéile.***

*3. Féadfar comhthiomsú athluchtaithe aonair atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair a imscaradh feadh bóithre den ghréasán bóithre TEN-T don dá threo taistil ar choinníoll:*

*(a) go mbeidh an comhthiomsú athluchtaithe inrochtana go héasca ón dá threo taistil;*

*(b) go mbeidh comharthaíocht leordhóthanach ann maidir leis an gcomhthiomsú athluchtaithe; agus*

*(c) go ndéanfar na ceanglais a leagtar amach i mír 1 maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, aschur cumhachta iomlán an chomhthiomsaithe athluchtaithe, an líon pointí athluchtaithe agus aschur cumhachta pointí aonair, ar ceanglais iad is infheidhme maidir le treo taistil aonair, a chomhlíonadh i gcás an dá threo taistil.*

*4. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, feadh bóithre den ghréasán TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil iomlán níos lú ná 2 000 feithicil tromshaothair agus i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt le himscaradh bonneagair ó thaobh costais agus tairbhí socheacnamaíocha de, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go bhfreastalóidh comhthiomsú athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair ar an dá threo taistil ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais is infheidhme maidir le treo taistil aonair a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, aschur cumhachta iomlán an chomhthiomsaithe athluchtaithe, an líon pointí athluchtaithe agus aschur cumhachta pointí athluchtaithe aonair, agus go mbeidh an comhthiomsú athluchtaithe sin inrochtana go héasca ón dá threo taistil, agus go bhfuil comharthaíocht leordhóthanach ann maidir leis. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.*

5. ***De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, feadh bóithre den ghréasán TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil iomlán níos lú ná 2 000 feithicil tromshaothair agus i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt le himscaradh bonneagair ó thaobh costais agus tairbhí socheacnamaíocha de, féadfaidh na Ballstáit laghdú suas le 50 % a dhéanamh ar an aschur cumhachta iomlán a bheidh ag comhthiomsú athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair agus a éilítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ar choinníoll nach bhfreastalaíonn an comhthiomsú athluchtaithe ach ar threo taistil amháin agus go gcomhlíonfar na ceanglais eile a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe, an líon pointí athluchtaithe agus aschur cumhachta pointí athluchtaithe aonair. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.***

6. ***De mhaolú ar an gceanglas a bhaineann le hachar uasta 60 km idir comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair a leagtar amach i mír 1, pointe (c), den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit achar níos faide suas le 100 km a cheadú i gcás comhthiomsuithe athluchtaithe den sórt sin feadh bóithre den chroíghréasán TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil is lú ná 800 feithicil tromshaothair, ar choinníoll go mbíonn comharthaíocht leordhóthanach ann maidir leis an achar idir comhthiomsuithe athluchtaithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as na maoluithe dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.***

7. *I gcás ina mbeidh fógra tugtha ag Ballstát don Choimisiún faoi chás inar bhain sé úsáid as maolú dá dtagraítear i mír 6, measfar gur comhlíonadh an ceanglas a leagtar amach i mír 1, pointe (c), maidir leis an achar uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe.*

8. *De mhaolú ar na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (a), (b), (c) agus (d), a bhaineann le haschur cumhachta iomlán comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair agus ar an gceanglas a leagtar amach i mír 1, pointe (c), a bhaineann leis an achar uasta idir na comhthiomsuithe athluchtaithe sin, féadfaidh an Chipir iarraidh réasúnaithe ar údarú a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun ceanglais níos ísle a chur i bhfeidhm maidir le leibhéal aschuir cumhachta iomláin comhthiomsuithe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair nó chun achar uasta níos faide, suas le 100 km, a chur i bhfeidhm idir na comhthiomsuithe athluchtaithe sin, nó an dá rud, ar choinníoll nach gcuirfeadh an iarraidh sin, dá n-údarófaí í, bac ar ghluaiseacht feithiclí leictreacha tromshaothair sa Bhallstát sin.*

***Déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 6 mhí tar éis dó iarraidh réasúnaithe arna tíolacadh de bhun na chéad fhomhíre a fháil, cinneadh a ghlacadh de réir mar a bheidh bonn cirt leis i ngach cás. Aon údarú a dheonaítear don Chipir de bhun cinneadh den sórt sin, beidh sé bailí ar feadh uastréimhse 4 bliana. I gcás ina bhféachann an Chipir le bailíocht an údaraithe a fhadú, féadfaidh sí iarraidh réasúnaithe bhreise a chur faoi bhráid an Choimisiúin sula rachaidh an t-údarú in éag.***

9. ***Faoin 31 Nollaig 2030,*** áiritheoidh na Ballstáit chomharsanachta nach sárófar na hachair uasta idir comhthiomsuithe athluchtaithe dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) agus (d), maidir le codanna trasteorann den chroíghréasán bóithre TEN-T agus den ghréasán bóithre cuimsitheach TEN-T. ***Roimh an dáta sin, tabharfar aird ar leith ar chodanna trasteorann agus déanfaidh na Ballstáit chomharsanachta a lándícheall chun na hachair uasta sin a urramú a luaithe a imscarfaidh siad an bonneagar athluchtaithe feadh na gcodanna trasteorann den ghréasán bóithre TEN-T.***

Airteagal 5

Bonneagar athluchtaithe

1. Maidir le hoibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal, tabharfaidh siad deis d'úsáideoirí deiridh a bhfeithicil leictreach a athluchtú ar bhonn *ad hoc* ag na pointí athluchtaithe arna n-oibriú acu**.**

***Ag pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal arna n-imscaradh ón ... [an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26], féadfar athluchtú ar bhonn ad hoc a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionstraim íocaíochta a úsáidtear go forleathan san Aontas. Chuige sin, glacfaidh oibreoirí pointí athluchtaithe le híocaíochtaí leictreonacha ag na pointí sin trí theirminéil agus gairis a úsáidtear le haghaidh seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:***

***(a) léitheoirí cártaí íocaíochta;***

***(b) gairis a bhfuil feidhmiúlacht gan teagmháil acu atá in ann cártaí íocaíochta a léamh ar a laghad;***

***(c) le haghaidh pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus ag a bhfuil aschur cumhachta faoi bhun 50 kW, gairis a úsáideann nasc idirlín agus lena gceadaítear idirbhearta slána íocaíochta amhail iad siúd a ghineann cód sonrach Mearfhreagartha.***

Ón 1 Eanáir 2027, áiritheoidh oibreoirí ***pointí*** athluchtaithe go gcomhlíonfar na ***ceanglais a leagtar amach i bpointí (a) nó*** (b) i ngach stáisiún athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus arna oibriú acu ag a bhfuil aschur cumhachta atá cothrom le 50 kW nó níos mó ná sin***, arna imscaradh feadh an ghréasáin bóithre TEN-T nó arna imscaradh ar limistéar páirceála sábháilte slán, lena n-áirítear pointí athluchtaithe arna n-imscaradh roimh .... [an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26]***.

***Féadfaidh teirminéal nó gaireas íocaíochta aonair dá dtagraítear sa dara fomhír freastal ar roinnt pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal i gcomhthiomsú athluchtaithe.***

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos ***sa mhír seo*** maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal nach ngearrtar táille leo as an tseirbhís athluchtaithe.

2. Áiritheoidh oibreoirí pointí athluchtaithe, nuair a thairgfidh siad fíordheimhniú uathoibríoch ag pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus arna oibriú acu, go mbeidh an ceart i gcónaí ag úsáideoirí deiridh gan úsáid a bhaint as an bhfíordheimhniú uathoibríoch agus go bhféadfaidh siad, ina ionad sin, a bhfeithicil a athluchtú ar bhonn *ad hoc*, dá bhforáiltear i mír ***1***, nó úsáid a bhaint as réiteach athluchtaithe conradh-bhunaithe eile a thairgtear ag an bpointe athluchtaithe sin. ***Taispeánfaidh*** oibreoirí pointí athluchtaithe an rogha sin go soiléir d’úsáideoirí deiridh agus cuirfidh siad ar fáil ar bhealach áisiúil dóibh í ag gach pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus arna oibriú acu, ag a gcuirfidh siad fíordheimhniú uathoibríoch ar fáil.

3. Is réasúnta, inchomparáide go héasca agus go soiléir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh praghsanna a ghearrfaidh oibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal. Ní dhéanfaidh oibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal idirdhealú, trí na praghsanna a ghearrtar, idir úsáideoirí deiridh agus soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta ná idir soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta éagsúla. Mar sin féin, is ar bhealach comhréireach agus más ann do bhonn cirt oibiachtúil, agus ar an mbealach sin amháin, a fhéadfar leibhéal na bpraghsanna a dhifreáil.

4. ***Ag pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil aschur cumhachta atá cothrom le 50 kW nó níos mó ná sin, beidh*** an praghas *ad hoc* ***a ghearrann an t-oibreoir bunaithe ar an bpraghas in aghaidh an kWh don leictreachas a sheachadtar. Ina theannta sin, is féidir le hoibreoirí na bpointí athluchtaithe sin táille áitíochta a ghearradh mar phraghas in aghaidh an nóiméid chun áitíocht fhada an phointe*** athluchtaithe ***a dhíspreagadh***.

***Taispeánfaidh oibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus ag a bhfuil aschur cumhachta atá cothrom le 50 kW nó níos mó ná sin,*** ag na stáisiúin athluchtaithe, ***an praghas ad hoc in aghaidh an kWh agus aon táille áitíochta a d'fhéadfadh a bheith ann arna sloinneadh mar phraghas in aghaidh an nóiméid ionas go mbeidh an fhaisnéis sin ar eolas ag na húsáideoirí deiridh sula dtionscnóidh siad seisiún athluchtaithe agus go n-éascófar comparáid praghsanna.***

***Déanfaidh oibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus ag a bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 50 kW, ag na stáisiún athluchtaithe arna n-oibriú acu, an fhaisnéis maidir leis an bpraghas ad hoc a chur ar fáil go soiléir agus go héasca, leis na comhpháirteanna praghais go léir a ghabhann leis, ionas go mbeidh an fhaisnéis sin ar eolas ag na húsáideoirí deiridh sula dtionscnóidh siad seisiún athluchtaithe agus go n-éascófar comparáid praghsanna. Cuirfear na comhpháirteanna praghais is infheidhme i láthair san ord seo a leanas:***

– ***praghas in aghaidh an kWh;***

– ***praghas in aghaidh an nóiméid;***

– ***praghas in aghaidh an tseisiúin; agus***

– ***aon chomhpháirt praghais eile ag a bhfuil feidhm.***

***Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír agus ag an dara fomhír maidir leis na pointí athluchtaithe uile arna n-imscaradh ón ... [an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26].***

5. Is réasúnta, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh praghsanna a ghearrfaidh soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta ar úsáideoirí deiridh. Roimh thús an tseisiúin athluchtaithe, cuirfidh soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta an fhaisnéis uile faoi phraghsanna a bhaineann go sonrach leis an seisiún athluchtaithe sin ar fáil d'úsáideoirí deiridh trí mhodhanna leictreonacha atá ar fáil gan srian agus a bhfuil tacaíocht fhorleathan leo, ina ndéanfar idirdhealú soiléir idir na comhpháirteanna ***uile, lena n-áirítear*** na costais ríomhfhánaíochta is infheidhme agus táillí nó muirir eile a ghearrann an soláthraí seirbhíse soghluaisteachta. Is réasúnta, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh na táillí. Ní ghearrfaidh soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta aon mhuirir bhreise ar ríomhfhánaíocht trasteorann.

***6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údaráis faireachán rialta ar an margadh bonneagair athluchtaithe, agus go háirithe, go ndéanfaidh siad faireachán ar mhíreanna 3 agus 5 a bheith á gcomhlíonadh ag oibreoirí pointí athluchtaithe agus soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta. Féachfaidh na Ballstáit freisin lena áirithiú go ndéanfaidh a n-údaráis faireachán rialta ar chleachtais tráchtála a d'fhéadfadh a bheith éagórach agus a dhéanann difear do thomhaltóirí.***

7. ***Faoin ... [6 mhí tar éis*** an dáta ***cur i bhfeidhm*** dá dtagraítear in Airteagal 26], áiritheoidh oibreoirí pointí athluchtaithe maidir le gach pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus arna oibriú acu gur pointe athluchtaithe atá nasctha go digiteach é.

8. ***Áiritheoidh oibreoirí pointí athluchtaithe go mbeidh na pointí athluchtaithe uile atá inrochtana don phobal agus arna n-oibriú acu agus arna dtógáil tar éis an ... [***an dáta ***cur i bhfeidhm*** dá dtagraítear in Airteagal 26] ***nó arna n-athchóiriú tar éis an ... [6 mhí tar éis an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26]*** in ann athluchtú cliste a dhéanamh.

9. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, laistigh de limistéir pháirceála agus scíthe feadh an ghréasáin bóithre TEN-T ina n-imscartar bonneagar breoslaí malartacha, go mbeidh comharthaíocht leordhóthanach ann maidir le suíomh beacht an bhonneagair breoslaí malartacha.

10. ***Faoin ... [bliain amháin tar éis an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26],*** áiritheoidh oibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal maidir le gach pointe athluchtaithe srutha dhírigh (DC) atá inrochtana don phobal agus arna oibriú acu, go mbeidh cábla athluchtaithe doghluaiste suiteáilte ann.

11. I gcás nach é oibreoir pointe athluchtaithe úinéir an phointe athluchtaithe sin, déanfaidh an t-úinéir, i gcomhréir leis na socruithe eatarthu, pointe athluchtaithe a chur ar fáil don oibreoir ina mbeidh na saintréithe teicniúla chun a chur ar a chumas don oibreoir na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna ▌ 2, 7, 8 agus 10 a chomhlíonadh.

Airteagal 6

Spriocanna maidir le bonneagar athbhreoslaithe hidrigine le haghaidh feithiclí bóthair

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-imscarfar líon íosta pointí athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal ina gcríoch faoin 31 Nollaig 2030.

Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2030 maidir le stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal***, a dearadh ar bhealach a mbeidh*** toilleadh ***carnach*** íosta ***de thona amháin*** in aghaidh an lae acu agus atá feistithe le dáileoir 700 bar ar a laghad***,*** go n-imscarfar na stáisiúin sin agus achar uasta ***200*** km eatarthu feadh an chroíghréasáin TEN-T. ▌

Áiritheoidh na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2030 go ndéanfar stáisiún athbhreoslaithe hidrigine amháin ar a laghad atá inrochtana don phobal a imscaradh i ngach nód uirbeach. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar anailís chun an suíomh is fearr do stáisiúin athbhreoslaithe den sórt sin a chinneadh agus go ndéanfar scrúdú san anailís go háirithe ar imscaradh stáisiún athbhreoslaithe den sórt sin i moil ilmhódacha ina bhféadfaí modhanna iompair eile a sholáthar freisin.

***Leagfaidh na Ballstáit amach ina gcreataí beartais náisiúnta conair líneach shoiléir i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach, mar aon le sprioc tháscach shoiléir do 2027 lena soláthrófar cumhdach leordhóthanach ar an*** gcroíghréasán TEN-T ***d'fhonn éilimh shíorathraitheacha an mhargaidh a chomhlíonadh.***

2. Áiritheoidh na Ballstáit chomharsanachta nach sárófar an t-achar uasta dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, maidir le codanna trasteorann den chroíghréasán TEN-T.

3. Áiritheoidh oibreoir stáisiúin athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal nó, i gcás nach é an t-oibreoir an t-úinéir, áiritheoidh úinéir an stáisiúin sin i gcomhréir leis na socruithe eatarthu, go bhfuil an stáisiún ceaptha chun freastal ar fheithiclí saothair éadroim agus tromshaothair. ▌

4. ***De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, feadh bóithre den chroíghréasán TEN-T ar a mbíonn meántrácht laethúil bliantúil iomlán níos lú ná 2 000 feithicil tromshaothair agus i gcás nach féidir údar cuí a thabhairt le himscaradh bonneagair ó thaobh costais agus tairbhí socheacnamaíocha de, féadfaidh na Ballstáit acmhainneacht stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal agus a éilítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo a laghdú suas le 50 %, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sa mhír sin maidir leis an achar uasta idir stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine agus an brú dáileora. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon chás inar bhain siad úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar na cásanna sin gach 2 bhliain mar chuid den tuairisciú náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15.***

5. ***De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, má bhíonn na costais a bhaineann le himscaradh an bhonneagair díréireach leis na tairbhí, lena n-áirítear na tairbhí comhshaoil, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir leis na réigiúin seo a leanas:***

   ***(a) na réigiúin is forimeallaí den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE; nó***

   ***(b) oileáin a thagann faoin sainmhíniú ar chórais bheaga nasctha nó ar chórais bheaga scoite de réir Threoir (AE) 2019/944.***

   ***I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh na Ballstáit údar lena gcinntí don Choimisiún agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil ina gcreataí beartais náisiúnta.***

Airteagal 7

Bonneagar athbhreoslaithe hidrigine

1. ***Tabharfaidh oibreoirí pointí athbhreoslaithe hidrigine atá*** inrochtana don phobal agus arna n-oibriú acu ***deis d'úsáideoirí deiridh*** athbhreoslú a dhéanamh ar bhonn *ad hoc*.

***Féadfar athbhreoslú ad hoc a dhéanamh i ngach pointe athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal*** trí úsáid a bhaint as ionstraim íocaíochta a úsáidtear go forleathan san Aontas. Chuige sin, glacfaidh oibreoirí na bpointí ***sin*** le híocaíochtaí leictreonacha trí theirminéil agus gairis a úsáidtear le haghaidh seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas:

(a) léitheoirí cártaí íocaíochta;

(b) gairis a bhfuil feidhmiúlacht gan teagmháil acu atá in ann cártaí íocaíochta a léamh ar a laghad.

***I gcás pointí athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal agus arna n-imscaradh tar éis an ... [an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26], beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo ón uair a imscarfar iad. I gcás pointí athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal agus arna n-imscaradh roimh an ... [an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26], beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo ón ... [6 mhí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26].***

I gcás nach é oibreoir an phointe athbhreoslaithe hidrigine úinéir an phointe sin, déanfaidh an t-úinéir, i gcomhréir leis na socruithe eatarthu, pointí athbhreoslaithe hidrigine a chur ar fáil don oibreoir ina mbeidh na saintréithe teicniúla chun a chur ar a chumas don oibreoir na hoibleagáidí a leagtar amach sa mhír seo a chomhlíonadh.

2. Is réasúnta, inchomparáide go héasca agus go soiléir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh na praghsanna a ghearrfaidh oibreoirí pointí athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal. Ní dhéanfaidh oibreoirí pointí athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal idirdhealú, trí na praghsanna a ghearrtar, idir úsáideoirí deiridh agus soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta, ná idir soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta éagsúla. Mar sin féin, ní fhéadfar leibhéal na bpraghsanna a dhifreáil, ach amháin más ann do bhonn cirt oibiachtúil.

3. Déanfaidh oibreoirí pointí athbhreoslaithe hidrigine faisnéis a ***thaispeáint go soiléir*** faoin ***bpraghas ad hoc in aghaidh an kg*** ag na stáisiúin athbhreoslaithe ***hidrigine atá inrochtana don phobal*** agus arna n-oibriú acu***, ionas go mbeidh an fhaisnéis sin ar eolas ag na húsáideoirí deiridh sula dtionscnóidh siad seisiún athbhreoslaithe agus go n-éascófar comparáid praghsanna***.

4. Maidir le hoibreoirí stáisiún athbhreoslaithe hidrigine, féadfaidh siad seirbhísí athbhreoslaithe hidrigine a sholáthar do chustaiméirí ar bhonn conarthach, lena n-áirítear in ainm agus thar ceann soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta eile. Is réasúnta, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh na praghsanna a ghearrfaidh soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta ar úsáideoirí deiridh. Roimh thús an tseisiúin ***athbhreoslaithe***, cuirfidh soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta an fhaisnéis uile faoi phraghsanna ar fáil d'úsáideoirí deiridh, ar faisnéis í a bhaineann go sonrach leis an seisiún ***athbhreoslaithe*** atá beartaithe acu, trí mhodhanna leictreonacha atá ar fáil gan srian agus a bhfuil tacaíocht fhorleathan leo, ina ndéanfar idirdhealú soiléir idir na comhpháirteanna praghais uile a ghearrann oibreoir an phointe athbhreoslaithe hidrigine, lena n-áirítear na costais ríomhfhánaíochta is infheidhme agus táillí nó muirir eile a ghearrann siad.

Airteagal 8

Bonneagar ***le haghaidh meatán leachtaithe*** i gcomhair feithiclí iompair de bhóthar

Go dtí an 31 Nollaig 2024, áiritheoidh na Ballstáit ▌ go ndéanfar líon iomchuí pointí athbhreoslaithe le haghaidh ***meatán leachtaithe***, a bheidh inrochtana don phobal, a imscaradh feadh an chroíghréasáin TEN-T ar a laghad, chun a chur ar a gcumas do mhótarfheithiclí tromshaothair ***a úsáideann meatán leachtaithe*** gluaiseacht ar fud an Aontais, má bhíonn éileamh ar a leithéid, ach amháin i gcás ina mbeidh na costais a bhaineann leis sin díréireach leis na tairbhí, lena n-áirítear na tairbhí don chomhshaol.

Airteagal 9

Spriocanna maidir le soláthar leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt mhuirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar soláthar íosta leictreachais cois cladaigh a sholáthar do ***longa*** coimeádán farraige ***agus*** longa paisinéirí ***farraige*** i gcalafoirt mhuirí den ghréasán ***TEN-T***.

Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú faoin 31 Nollaig 2029:

(a) Calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T agus calafoirt mhuirí den ghréasán cuimsitheach TEN-T, dá bhfuil líon bliantúil na gcuairteanna ar chalafort ag longa atá ar múráil le taobh na cé le 3 bliana anuas ag longa coimeádán farraige atá os cionn 5 000 olltonna os cionn 100, tá siad feistithe chun soláthar leictreachais cois cladaigh a sholáthar gach bliain le haghaidh 90 % ***ar a laghad de líon iomlán na gcuairteanna ar chalafort ag longa coimeádán farraige os cionn 5 000 olltonna atá ar múráil le taobh na cé ag an gcalafort muirí lena mbaineann;***

(b) Calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T agus calafoirt mhuirí den ghréasán cuimsitheach TEN-T, dá bhfuil ***meánlíon bliantúil na gcuairteanna ar chalafort ag longa atá ar múráil le taobh na cé*** le ***3*** bliana anuas ag longa paisinéirí róró farraige atá os cionn 5 000 olltonna agus ag árthaí paisinéirí ardluais atá os cionn 5 000 olltonna ***os cionn 40, tá siad feistithe chun soláthar leictreachais*** cois cladaigh ***a sholáthar gach bliain le haghaidh*** 90 % ar a laghad ***de líon iomlán na gcuairteanna ar chalafort ag longa paisinéirí róró farraige atá os cionn 5 000 olltonna gus ag árthaí paisinéirí ardluais atá os cionn 5 000 olltonna atá ar múráil le taobh na cé ag an gcalafort muirí lena mbaineann***;

(c) Calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T agus calafoirt mhuirí den ghréasán cuimsitheach TEN-T***, dá bhfuil*** meánlíon bliantúil na gcuairteanna ar chalafort ***ag longa atá ar múráil le taobh na cé*** le 3 bliana anuas ag longa paisinéirí farraige atá ***os cionn 5 000 olltonna*** seachas ag longa paisinéirí róró ***farraige*** agus ag árthaí paisinéirí ardluais ***farraige*** os cionn ***25, tá siad feistithe chun soláthar leictreachais cois cladaigh a sholáthar gach bliain le haghaidh 90 % ar a laghad de líon iomlán na gcuairteanna ar chalafort ag longa paisinéirí farraige atá*** os cionn ***5 000 olltonna seachas ag longa paisinéirí róró farraige agus ag árthaí paisinéirí farraige ardluais atá ar múráil le taobh na cé ag an gcalafort muirí lena mbaineann***;

2. ***Ní chuirfear san áireamh na cuairteanna ar chalafoirt ag longa dá dtagraítear in Airteagal 6(5), pointí (a), (b), (c), (e) agus (g), de Rialachán (AE) 2023/...***[+] chun líon ***iomlán*** na gcuairteanna ar chalafoirt ***a chinneadh i gcás longa ar múráil le taobh na cé ag an gcalafort muirí lena mbaineann faoi mhír 1 den Airteagal seo.***

▌

3. I gcás ina bhfuil an croíchalafort muirí TEN-T nó an calafort muirí cuimsitheach TEN-T suite ar oileán***, nó i réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE nó ar chríoch Ceuta agus Melilla,*** nach bhfuil nasctha go díreach le heangach leictreachais ***na mórthíre, nó más réigiún is forimeallaí nó más Ceuta agus Melilla atá i gceist, nach bhfuil nasctha le heangach leictreachais de chuid tír chomharsanachta***, ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo ▌ go dtí go dtabharfar i gcrích nasc den sórt sin nó go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ***leictreachais*** ann a ghintear go háitiúil ó fhoinsí fuinnimh ***neamhiontaise chun riachtanais an oileáin, an réigiúin is forimeallaí, nó Ceuta agus Melilla a chumhdach, cibé acu is ábhartha***.

---

[+] IO: cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 26/23 (2021/0210(COD)).

Airteagal 10

Spriocanna maidir le soláthar leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt uiscebhealaí intíre

Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go n-imscarfar suiteáil amháin ar a laghad lena soláthrófar soláthar leictreachais cois cladaigh do shoithí uiscebhealaí intíre ag gach calafort uiscebhealaí intíre den chroíghréasán TEN-T faoin 31 Nollaig 2024;

(b) go n-imscarfar suiteáil amháin ar a laghad lena soláthrófar soláthar leictreachais cois cladaigh do shoithí uiscebhealaí intíre ag gach calafort uiscebhealaí intíre den ghréasán cuimsitheach TEN-T faoin 31 Nollaig 2029;

Airteagal 11

Spriocanna maidir le soláthar ***meatáin leachtaithe*** a sholáthar i gcalafoirt mhuirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit, go n-imscarfar líon iomchuí pointí athbhreoslaithe le haghaidh ***meatán leachtaithe*** ▌ ag calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T dá dtagraítear i mír 2, chun a chur ar a gcumas do longa farraige gluaiseacht ar fud an chroíghréasáin TEN-T faoin 31 Nollaig 2024. Rachaidh na Ballstáit i gcomhar le Ballstáit chomharsanachta, i gcás inar gá sin, chun cumhdach leormhaith ar an gcroíghréasán TEN-T a áirithiú.

2. Ainmneoidh na Ballstáit ina gcreataí beartais náisiúnta calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T a sholáthraíonn rochtain ar na pointí athbhreoslaithe do ***mheatán leachtaithe*** dá dtagraítear i mír 1, agus ***forbairt calafort, pointí athbhreoslaithe meatáin leachtaithe atá ann cheana, éileamh*** iarbhír an mhargaidh***, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon,*** chomh maith le forbairtí eile, á gcur san áireamh.

Airteagal 12

Spriocanna maidir le soláthar leictreachais d'aerárthaí ina stad

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar soláthar leictreachais ***a áirithiú*** d'aerárthaí ina stad ***i*** ngach aerfort den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T mar a leanas:

(a) faoin 31 Nollaig 2024, ag gach ***láthair teagmhála aerárthaigh*** a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí aeriompair tráchtála ***chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil nó chun earraí a luchtú nó a dhíluchtú***;

(b) faoin 31 Nollaig 2029, ag gach ***cianláthair aerárthaigh*** a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí aeriompair tráchtála ***chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil nó chun earraí a luchtú nó a dhíluchtú***.

***2. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann aerfoirt den ghréasán TEN-T a mbíonn níos lú ná 10 000 gluaiseacht eitilte tráchtála in aghaidh na bliana acu, arna ríomh mar mheán thar na 3 bliana roimhe sin, a dhíolmhú ón oibleagáid leictreachas a sholáthar d'aerárthaí ina stad ag gach cianláthair aerárthaigh.***

***3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le láithreacha dí-oighrithe atá tiomnaithe go speisialta, láithreacha atá laistigh de limistéir mhíleata ainmnithe ná láithreacha atá tiomnaithe go speisialta d'aerárthaí eitlíochta ginearálta faoi bhun 5,7 tona d'uasmheáchan in éirí de thalamh.***

4. Ón 1 Eanáir 2030 ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur ón eangach leictreachais a thiocfaidh an leictreachas arna sholáthar de bhun mhír 1 nó go nginfear ar an láthair é ***gan dul i dtuilleamaí breoslaí iontaise***.

***Airteagal 13***

***Bonneagar iarnróid***

***A mhéid a bhaineann le bonneagar iarnróid nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar fhorbairt teicneolaíochtaí breoslaí malartacha agus córas tiomána maidir le codanna d'iarnród nach féidir a leictriú go hiomlán ar chúiseanna teicniúla nó costéifeachtúlachta, amhail traenacha faoi thiomáint hidrigine nó traenacha faoi thiomáint ceallraí, agus, más ábhartha, ar aon riachtanais bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe.***

Airteagal 14

Creataí beartais náisiúnta

1. Faoin 31 Nollaig ***2024***, ullmhóidh agus tarchuirfidh gach Ballstát chuig an gCoimisiún dréachtchreat beartais náisiúnta le haghaidh fhorbairt an mhargaidh maidir le breoslaí malartacha in earnáil an iompair agus imscaradh an bhonneagair ábhartha.

***2.*** Beidh na gnéithe a leanas, ar a laghad, san áireamh ***sa*** chreat beartais náisiúnta:

***(a)*** measúnú ar staid reatha an mhargaidh agus ar fhorbairt an mhargaidh san am atá le teacht maidir le breoslaí malartacha in earnáil an iompair, agus maidir le bonneagar breoslaí malartacha a fhorbairt, agus rochtain idirmhódúil ar bhonneagar breoslaí malartacha agus, i gcás inarb ábhartha, an leanúnachas trasteorann ***agus forbairt bonneagair breoslaí malartacha ar oileáin agus sna réigiúin is forimeallaí á gcur san áireamh***;

***(b)*** spriocanna agus cuspóirí náisiúnta de bhun Airteagail 3, 4, 6, 8, 9, 10, 11 agus 12 a leagtar spriocanna náisiúnta éigeantacha amach ina leith sa Rialachán seo;

***(c)*** na beartais agus na bearta is gá chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna agus na cuspóirí éigeantacha dá dtagraítear i ***bpointe (b)*** den mhír seo;

***(d)*** bearta***, bídís beartaithe nó glactha,*** chun imscaradh bonneagair breoslaí malartacha le haghaidh flíteanna faoi chuing a chur chun cinn, go háirithe le haghaidh stáisiúin athluchtaithe agus stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí agus stáisiúin athluchtaithe le haghaidh comhroinnt carranna;

***(e)*** bearta***, bídís beartaithe nó glactha,*** chun imscaradh stáisiún athluchtaithe d’fheithiclí saothair éadroim agus d’fheithiclí tromshaothair a spreagadh agus a éascú in ionaid phríobháideacha nach bhfuil inrochtana don phobal;

***(f)*** bearta***, bídís beartaithe nó glactha,*** chun bonneagar breoslaí malartacha a chur chun cinn i nóid uirbeacha, go háirithe maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal;

*(g)* bearta***, bídís beartaithe nó glactha,*** chun líon leordhóthanach pointí athluchtaithe ardchumhachta atá inrochtana don phobal a chur chun cinn;

*(h)* bearta***, bídís beartaithe nó glactha,*** is gá chun a áirithiú go mbeidh imscaradh agus oibriú pointí athluchtaithe, lena n-áirítear dáileadh geografach pointí athluchtaithe déthreocha, ag rannchuidiú le solúbthacht an chórais fuinnimh agus le sciar níos mó den chóras leictreach a bheith ag an leictreachas in-athnuaite;

*(i)* bearta chun a áirithiú, maidir le pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe ***le haghaidh breoslaí malartacha*** atá inrochtana don phobal, go mbeidh siad inrochtana do dhaoine scothaosta, do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir (AE) 2019/882;

*(j)* bearta***, bídís beartaithe nó glactha,*** chun deireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonneagar breoslaí malartacha a phleanáil, a cheadú***, a sholáthar agus a oibriú;***

*(k)* ***forléargas ar staid na himeartha, ar na peirspictíochtaí agus ar na bearta atá beartaithe maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha i gcalafoirt mhuirí seachas le haghaidh meatán leachtaithe agus soláthar leictreachais cois cladaigh lena n-úsáid ag soithí farraige, amhail hidrigin, amóinia, meatánól agus leictreachas;***

*(l)* ***forléargas ar staid na himeartha, ar na peirspictíochtaí agus ar na bearta atá beartaithe maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, lena n-áirítear spriocanna, príomh-gharspriocanna agus maoiniú atá de dhíth, le haghaidh traenacha atá faoi tiomáint hidrigine nó traenacha faoi thiomáint ceallraí ar chodanna d'iarnród TEN-T nach féidir a leictriú;***

*(m)* ***forléargas ar staid na himeartha, ar na peirspictíochtaí agus ar na bearta atá beartaithe maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha in aerfoirt seachas le haghaidh soláthar leictreachais d'aerárthaí ina stad, amhail le haghaidh athluchtú leictreach agus athbhreoslú hidrigine le haghaidh aerárthaí;***

*(n)* ***forléargas ar staid na himeartha, ar na peirspictíochtaí, agus ar na bearta atá beartaithe maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha in loingseoireacht intíre, amhail le haghaidh leictreachais agus hidrigine.***

3. ***Féadfar na gnéithe seo a leanas a áireamh sa chreat beartais náisiúnta:***

▌

(a) ***forléargas ar staid na himeartha, ar na peirspictíochtaí agus ar na bearta atá beartaithe maidir le*** himscaradh bonneagair breoslaí malartacha i gcalafoirt mhuirí, ***amhail*** le haghaidh leictreachais agus hidrigine, le haghaidh seirbhísí calafoirt mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle iad[31];

▌

***(b) spriocanna agus bearta náisiúnta chun bonneagar breoslaí malartacha a chur chun cinn feadh na ngréasán bóithre nach n-áirítear sa chroíghréasán TEN-T ná sa ghréasán cuimsitheach TEN-T, go háirithe maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal;***

***(c) bearta chun inrochtaineacht bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe ar chríoch iomlán an Bhallstáit a ráthú, agus aird ar leith á tabhairt ar cheantair thuaithe chun a n-inrochtaineacht agus a gcomhtháthú críochach a áirithiú;***

---

**31** Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat chun seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais calafort (IO L 57, 3.3.2017, lch. 1).

(d) ***bearta chun a áirithiú go gcuirfear dlús an daonra san áireamh i ndlús bonneagair breoslaí malartacha atá inrochtana don phobal agus atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta;***

***(e)*** spriocanna agus cuspóirí náisiúnta maidir le bonneagar breoslaí malartacha a bhaineann le pointí ***(a), (b), (c) agus (d)*** a imscaradh, ar spriocanna agus cuspóirí náisiúnta iad nach leagtar síos aon sprioc éigeantach ina leith sa Rialachán seo.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh sna creataí beartais náisiúnta riachtanais na modhanna éagsúla iompair atá ar a gcríoch.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh sna creataí beartais náisiúnta, de réir mar is iomchuí, leasanna na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, go háirithe nuair a bheidh bonneagar athluchtaithe agus athbhreoslaithe don iompar poiblí i gceist, chomh maith le leasanna na ngeallsealbhóirí lena mbaineann.

6. I gcás inar gá, rachaidh Ballstáit i gcomhar le chéile, trí bhíthin comhairliúchán nó comhchreataí beartais, chun a áirithiú go mbeidh na bearta is gá chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach ina mbearta comhleanúnacha, comhordaithe. Go háirithe, rachaidh na Ballstáit i gcomhar le chéile chun straitéisí a bhunú maidir le húsáid breoslaí malartacha agus imscaradh bonneagair chomhfhreagraigh san iompar d’uisce. Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do na Ballstáit sa phróiseas comhair.

7. Comhlíonfaidh bearta tacaíochta le haghaidh bonneagar breoslaí malartacha rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

8. Cuirfidh gach Ballstát a dhréachtchreat beartais náisiúnta ar fáil go poiblí agus áiritheoidh sé go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal a bheith rannpháirteach in ullmhú an dréachtchreata beartais náisiúnta.

9. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na dréachtchreataí beartais náisiúnta agus féadfaidh sé moltaí a eisiúint chuig na Ballstáit. Eiseofar na moltaí sin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thíolacadh na ndréachtchreataí beartais náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Féadfar go dtabharfar aghaidh, go háirithe, ar na nithe seo a leanas iontu:

(a) leibhéal uaillmhéine na spriocanna agus na gcuspóirí d'fhonn na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 3, 4, 6, 8, 9, 10, 11***, 12 agus 13*** a chomhlíonadh;

(b) beartais agus bearta a bhaineann le spriocanna agus cuspóirí náisiúnta.

10. Tabharfaidh gach Ballstát aird chuí ar aon mholadh ón gCoimisiún ina chreat beartais náisiúnta ***críochnaitheach***. Mura dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann aghaidh ar mholadh nó ar chuid shuntasach de, soláthróidh an Ballstát sin míniú i scríbhinn don Choimisiún.

11. Faoin 31 Nollaig ***2025,*** dréachtóidh gach Ballstát ***a chreat beartais náisiúnta críochnaitheach i bhfoirm sholéite intuigthe agus*** tabharfaidh ***sé*** fógra don Choimisiún ***ina leith. Cuirfidh an Coimisiún na*** creataí beartais náisiúnta críochnaitheacha ***sin ar fáil go poiblí***.

Airteagal 15

Tuairisciú ***náisiúnta***

1. Faoin 31 Nollaig ***2027*** agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil neamhspleách ***náisiúnta*** ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme a chreata beartais náisiúnta. ***Déanfar an tuarascáil a dhréachtú i bhfoirm sholéite intuigthe agus cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí í.***

2. Cumhdófar sa ***tuarascáil náisiúnta*** ar dhul chun cinn an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn I agus áireofar inti, i gcás inarb iomchuí, bonn cirt ábhartha maidir le leibhéal bainte amach na spriocanna agus na gcuspóirí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 14(2), ***chomh maith le léiriú ar na bearta atá le déanamh chun na spriocanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach sa todhchaí***.

3. ▌ Faoin 30 Meitheamh 2024 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an gcaoi a bhféadfaí a chur ar a gcumas d’fheithiclí leictreacha rannchuidiú a thuilleadh le solúbthacht an chórais fuinnimh, lena n-áirítear a rannpháirtíocht sa mhargadh cothromúcháin, agus le hionsú breise an leictreachais in-athnuaite de thairbhe imscaradh agus oibriú pointí athluchtaithe. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin gach cineál pointe athluchtaithe, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil athluchtú ***cliste déthreoch, agus gach cineál aschuir cumhachta,*** bídís poiblí nó príobháideach, agus soláthrófar moltaí maidir leis an gcineál pointe athluchtaithe, an teicneolaíocht tacaíochta agus an dáileadh geografach chun cumas úsáideoirí a bhfeithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras a éascú. ***Sainaithneofar leis an measúnú sin bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na bearta sin chun comhsheasmhacht pleanála bonneagair leis an bpleanáil chomhfhreagrach eangaí a áirithiú. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin ionchur ó na geallsealbhóirí ábhartha uile agus*** cuirfear ar fáil go poiblí é***. Féadfaidh gach Ballstát iarraidh ar a údarás rialála an measúnú sin a dhéanamh***. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe, déanfaidh na Ballstáit, más gá, bearta iomchuí chun pointí athluchtaithe breise a imscaradh agus cuirfidh siad na bearta sin san áireamh sna tuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Tabharfaidh na hoibreoirí córais aird ar an measúnú agus ar na bearta sna pleananna forbartha gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 32(3) agus in Airteagal 51 de Threoir (AE) 2019/944.

4. Ar bhonn an ionchuir ó oibreoirí córas tarchurtha agus ó oibreoirí córas dáileacháin, déanfaidh údarás rialála gach Ballstáit measúnú, faoin ***30*** Meitheamh 2024 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, ar rannchuidiú ionchasach an athluchtaithe dhéthreoch le ***laghdú a dhéanamh ar chostais úsáideoirí agus córais agus*** le sciar an leictreachais in-athnuaite sa chóras leictreachais a mhéadú. Cuirfear an measúnú sin ar fáil go poiblí. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe, déanfaidh na Ballstáit, más gá, na bearta iomchuí chun infhaighteacht agus dáileadh geografach na bpointí athluchtaithe déthreocha a choigeartú, ***i*** limistéir phríobháideacha agus cuirfidh siad san áireamh iad ina dtuarascáil ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 1.

▌

***Airteagal 16***

***Inneachar, struchtúr agus formáid na gcreataí beartais náisiúnta agus na dtuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn***

***Faoin ... [6 mhí tar éis an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26], glacfaidh an Coimisiún treoir agus teimpléid maidir le hinneachar, struchtúr agus formáid na gcreataí beartais náisiúnta atá le tíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 14 agus inneachar na dtuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn atá le tíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 15(1). Féadfaidh an Coimisiún treoir agus teimpléid a ghlacadh chun cur i bhfeidhm éifeachtach aon fhorálacha eile den Rialachán seo a éascú ar fud an Aontais.***

Airteagal 17

Athbhreithniú ar chreataí beartais náisiúnta agus ar thuarascálacha ***náisiúnta*** ar dhul chun cinn

1. Faoin 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcreat beartais náisiúnta ar thug na Ballstáit fógra ina leith de bhun Airteagal 14(11) agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an measúnú ar na creataí beartais náisiúnta sin agus maidir lena gcomhleanúnachas ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear measúnú tosaigh ar an leibhéal a mheasfar a bhainfear amach na spriocanna agus na cuspóirí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal ***14(2)***.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na tuarascálacha ***náisiúnta*** ar dhul chun cinn arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 15(1) agus eiseoidh sé, de réir mar is iomchuí, moltaí do na Ballstáit chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí agus go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. ▌

***3. Laistigh de 6 mhí tar éis dó na moltaí dá dtagraítear i mír 2 a fháil, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún faoin gcaoi a mbeartaíonn sé na moltaí a chur chun feidhme. Má chinneann an Ballstát lena mbaineann gan na moltaí nó cuid shuntasach díobh a chur chun feidhme, déanfaidh sé na cúiseanna atá leis sin a chur in iúl don Choimisiún.***

***4.	Tar éis don Bhallstát an fógra nó an réasúnú dá dtagraítear i mír 3 a thíolacadh, leagfaidh an Ballstát lena mbaineann amach ina chéad tuarascáil náisiúnta eile ar dhul chun cinn an chaoi a bhfuil na moltaí curtha chun feidhme aige.***

5.	Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar a mheasúnú ar na tuarascálacha ***náisiúnta*** ar dhul chun cinn ▌ bliain amháin tar éis do Bhallstáit na tuarascálacha ***sin*** ar dhul chun cinn a thíolacadh ***de bhun Airteagal 15(1)***. Beidh meastóireacht ar na nithe seo a leanas sa mheasúnú sin:

(a)	an dul chun cinn atá déanta ***ag*** na Ballstáit ▌ maidir leis na spriocanna agus na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) a bhaint amach***, lena n-áirítear freagairtí na mBallstát ar na moltaí ón gCoimisiún de bhun mhír 2 den Airteagal seo***;

(b)	comhleanúnachas na forbartha ar bhonneagar breoslaí malartacha ar leibhéal an Aontais.

6.	Ar bhonn na gcreataí beartais náisiúnta críochnaitheacha dá dtagraítear in Airteagal ***14(11),*** na dtuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn dá dtagraítear in ***Airteagal 15(1) agus na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 18(1)***, déanfaidh an Coimisiún faisnéis maidir leis na spriocanna náisiúnta agus na cuspóirí arna dtíolacadh ag gach Ballstát ***a chur ar fáil go poiblí*** agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an líon pointí agus stáisiún athluchtaithe atá inrochtana don phobal, ar leithligh i gcás pointí athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí saothair éadroim agus pointí athluchtaithe agus stáisiúin athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí tromshaothair, agus i gcomhréir leis an gcatagóiriú dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III;

(b) an líon pointí athbhreoslaithe hidrigine atá inrochtana don phobal;

(c) an bonneagar le haghaidh soláthar leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt mhuirí agus i gcalafoirt uiscebhealaigh intíre den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T;

(d) an bonneagar le haghaidh soláthar leictreachais d'aerárthaí ina stad in aerfoirt den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T;

(e) an líon pointí athbhreoslaithe le haghaidh ***meatán leachtaithe*** i gcalafoirt mhuirí agus i gcalafoirt uiscebhealaigh intíre den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T;

(f) an líon pointí athbhreoslaithe le haghaidh ***meatán leachtaithe*** atá inrochtana don phobal le haghaidh mótarfheithiclí;

(g) an líon pointí athbhreoslaithe le haghaidh GNC atá inrochtana don phobal le haghaidh mótarfheithiclí;

(h) pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha eile i gcalafoirt mhuirí agus i gcalafoirt uiscebhealaigh intíre den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T;

(i) pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha ag aerfoirt den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T;

(j) ***pointí*** athluchtaithe agus athbhreoslaithe ***maidir le breoslaí malartacha*** i gcás iompar d'iarnród.

Airteagal 18

Dul chun cinn a rianú

1. Faoin ***31 Márta*** ... ***[***den bhliain tar éis na bliana den ***dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26]*** agus faoin 31 Márta gach bliain ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún an t-iomlán comhiomlánaithe den aschur cumhachta athluchtaithe agus líon na bpointí athluchtaithe atá curtha in úsáid agus a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus líon na bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus na bhfeithiclí hibrideacha inluchtaithe atá cláraithe ar a gcríoch an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

2. ***Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 258 CFAE,*** i gcás inar léir ón tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó ó aon fhaisnéis atá ar fáil ag an gCoimisiún go bhfuil baol ann nach ndéanfaidh Ballstát a spriocanna náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a bhaint amach, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a eisiúint chuige sin agus ***moladh*** a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann bearta ceartaitheacha a dhéanamh chun na spriocanna náisiúnta a bhaint amach. Laistigh de 3 mhí tar éis fhionnachtana an Choimisiúin a fháil, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na bearta ceartaitheacha atá beartaithe aige a chur chun feidhme chun na spriocanna náisiúnta a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Rialachán seo a bhaint amach, ***lena n-áirítear*** aon ghníomhaíochtaí breise atá ***beartaithe ag*** an mBallstát a chur chun feidhme chun na spriocanna ***sin*** a bhaint amach; ▌ agus

(b) tráthchlár soiléir le haghaidh gníomhaíochtaí lena bhféadfar measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn bliantúil i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach.

I gcás ina bhfionnann an Coimisiún go bhfuil na bearta ceartaitheacha sásúil, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an tuarascáil ***náisiúnta*** is déanaí ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt cothrom le dáta leis na bearta ceartaitheacha sin agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin í.

***Déanfaidh an Coimisiún a mholtaí, agus na bearta ceartaitheacha agus na gníomhaíochtaí breise a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann a chur ar fáil go poiblí.***

Airteagal 19

Faisnéis don úsáideoir

1. Cuirfear faisnéis ábhartha, chomhsheasmhach agus shoiléir ▌ ar fáil ***a mhéid a bhaineann*** le mótarfheithiclí a chuirtear ar an margadh ar féidir iad a athluchtú nó a athbhreoslú go rialta.

Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil mar a leanas***:***

***(a) i lámhleabhair mótarfheithiclí agus ar mhótarfheithiclí, ag na monaróirí, nuair a chuirtear na feithiclí sin ar an margadh;***

***(b) ag pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe, ag oibreoirí pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe; agus***

***(c) i gceadanna díoltóireachta mótarfheithiclí, ag na dáileoirí.***

2. Cinnfear an bhfuil feithiclí agus bonneagair nó breoslaí agus feithiclí atá cumhdaithe ag mír 1 den Airteagal seo comhoiriúnach i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear i bpointe 10.1 agus i bpointe 10.2 d'Iarscríbhinn II.

I gcás ina dtagraíonn sonraíochtaí teicniúla den sórt sin do léiriú grafach, lena n-áirítear scéim dathchódaithe, beidh an léiriú grafach simplí agus sothuigthe.

Beidh an léiriú grafach sin socraithe ar bhealach a bheidh infheicthe go soiléir:

(a) ***ag na hoibreoirí pointe athbhreoslaithe***, ar chaidéil chomhfhreagracha agus ar a mbuinní ag na pointí athbhreoslaithe go léir ***arna oibriú acu***, ón dáta a chuirtear breoslaí ar an margadh; ▌

(b) ***ag an monaróir,*** i ngaireacht dhíreach do chaipíní umair bhreosla uile na mótarfheithiclí a bhfuil an breosla sin molta lena n-aghaidh agus comhoiriúnach ina gcomhair agus i lámhleabhair mótarfheithiclí, nuair a chuirtear na mótarfheithiclí sin ar an margadh ▌.

3. Nuair a ***léirítear*** praghsanna breosla ***ag*** stáisiún ***athbhreoslaithe***, ***áiritheoidh na Ballstáit go*** léireofar comparáid idir na praghsanna aonaid ábhartha, i gcás inarb iomchuí, agus go háirithe le haghaidh hidrigine, chun críoch faisnéise de réir na modheolaíochta comhchoitinne chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna aonaid breoslaí malartacha dá dtagraítear i bpointe 10.3 d'Iarscríbhinn II.

4. I gcásanna nach n-áirítear sna caighdeáin Eorpacha lena socraítear sonraíochtaí teicniúla breosla, ceanglais lipéadaithe chun comhlíonadh na gcaighdeán lena mbaineann a léiriú, i gcás nach dtagraíonn na ceanglais lipéadaithe do léiriú grafach, lena n-áirítear scéimeanna dathchódaithe, nó i gcás nach bhfuil na ceanglais lipéadaithe oiriúnach chun cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú, féadfaidh an Coimisiún, chun críocha cur chun feidhme aonfhoirmeach mhíreanna 1 agus 2, sainordú a thabhairt do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú sonraíochtaí lipéadaithe comhoiriúnachta a fhorbairt.

Ar bhonn na sonraíochtaí um lipéadú comhoiriúnachta arna bhforbairt ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú de bhun an tsainordaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ***gcinnfear*** an léiriú grafach, lena n-áirítear scéim dathchódaithe, maidir le comhoiriúnacht i gcás breoslaí a thugtar isteach ar mhargadh an Aontais agus a shroicheann leibhéal 1 % de mhéid iomlán na ndíolachán, sa mheasúnú ón gCoimisiún, i níos mó ná aon Bhallstát amháin.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

5. I gcás ina ndéantar forálacha maidir le lipéadú na gcaighdeán Eorpach faoi seach a thabhairt cothrom le dáta, nó ina bhforbraítear caighdeáin Eorpacha nua le haghaidh breoslaí malartacha, beidh feidhm ag na ceanglais chomhfhreagracha maidir le lipéadú i leith gach pointe athluchtaithe agus athbhreoslaithe ***tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis an gníomh cur chun feidhme comhfhreagrach a ghlacadh agus maidir le gach mótarfheithicil a chuirtear ar an margadh ón dáta a thiocfaidh an gníomh comhfhreagrach cur chun feidhme i bhfeidhm.***

Airteagal 20

Forálacha maidir le sonraí

1. Ceapfaidh na Ballstáit Eagraíocht Cláraithe ***Sainaitheantais*** (‘IDRO’). Déanfaidh IDRO cóid sainaitheantais uathúla (‘ID’) a eisiúint agus a bhainistiú chun oibreoirí pointí athluchtaithe agus soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta, ar a laghad a shainaithint, faoin ... [bliain amháin tar éis an dáta ***cur i bhfeidhm*** dá dtagraítear in Airteagal 26].

2. ***Faoin ... [bliain amháin tar éis an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 26],*** áiritheoidh oibreoirí ***pointí*** athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal ***le haghaidh breoslaí malartacha,*** nó, i gcomhréir leis na socruithe atá eatarthu, úinéirí na bpointí sin, go mbeidh an infhaighteacht ar shonraí statacha agus sonraí dinimiciúla maidir le bonneagar breoslaí malartacha atá á n-oibriú acu, ***nó seirbhísí atá nasctha go dlúth leis an mbonneagar sin a sholáthraíonn siad nó a sheachfhoinsíonn siad,*** saor in aisce. Cuirfear na cineálacha sonraí seo a leanas ar fáil:

(a) sonraí statacha i gcás ***pointí*** athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe ***le haghaidh breoslaí malartacha*** atá inrochtana don phobal agus atá á n-oibriú acu:

(i) suíomh geografach na ***bpointí*** athluchtaithe ***agus*** na ***bpointí*** athbhreoslaithe ***le haghaidh breoslaí malartacha***,

(ii) an líon nascóirí,

(iii) an líon spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas,

(iv) faisnéis teagmhála úinéir agus oibreoir an stáisiúin athluchtaithe agus an stáisiúin athbhreoslaithe***,***

***(v) uaireanta oscailte;***

(b) sonraí statacha breise maidir le pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal agus atá á n-oibriú acu:

(i) Cóid sainaitheantais, ***oibreoir*** ▌ an phointe athluchtaithe ar a laghad,

(ii) an cineál nascóra,

(iii) an cineál srutha (AC/DC),

(iv) aschur ***uasta*** cumhachta (kW) ***an stáisiúin athluchtaithe***,

***(v) aschur uasta cumhachta (kW) an phointe athluchtaithe,***

***(vi) comhoiriúnacht an chineáil feithicle;***

(c) sonraí dinimiciúla maidir le ***pointí*** athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe ***le haghaidh breoslaí malartacha atá inrochtana don phobal*** agus atá á n-oibriú acu:

(i) stádas oibríochtúil (i seirbhís/as feidhm),

(ii) infhaighteacht (in úsáid/gan bheith in úsáid),

(iii) an praghas *ad hoc****,***

***(iv) tá an leictreachas a sholáthraítear 100 % in-athnuaite (tá/níl).***

***Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i bpointe (c) maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal nach n-éilítear íocaíocht leo as an tseirbhís athluchtaithe.***

***3.*** ***Déanfaidh gach oibreoir pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal i gcás breoslaí malartacha, nó, i gcomhréir leis na socruithe atá eatarthu, úinéir na bpointí sin, Comhéadan Feidhmchláir (API) a chur ar bun lena dtabharfar rochtain saor in aisce agus neamhshrianta ar na sonraí dá dtagraítear i mír 2, agus déanfaidh sé an fhaisnéis faoin API sin a thíolacadh chuig na pointí rochtana náisiúnta.***

***Comhlíonfaidh API gach oibreora pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe, nó, i gcomhréir leis na socruithe atá eatarthu, API úinéir na bpointí sin, ceanglais theicniúla choiteanna arna leagan síos ag an gCoimisiún sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 6 chun malartú uathoibrithe agus aonfhoirmeach sonraí a chumasú idir oibreoirí pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal agus úsáideoirí sonraí.***

4. ***Faoin 31 Nollaig 2024,*** áiritheoidh na Ballstáit ***go mbeidh rochtain ar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo***, ar bhonn oscailte agus neamh-idirdhealaitheach, ag gach ***úsáideoir sonraí*** trína ***bpointí*** rochtana náisiúnta ***i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a bhaineann leis na sonraí sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 agus i gcomhréir leis na sonraíochtaí comhlántacha breise a fhéadfar a ghlacadh i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo. I gcás ina ndéanann na Ballstáit sonraí a chomhiomlánú faoina bpointí rochtana náisiúnta, féadfaidh siad na sonraí sin a sholáthar do phointe rochtana comhchoiteann Eorpach trí bhíthin API***.

***5.*** ***Faoin 31 Nollaig 2026, bunóidh an Coimisiún pointe rochtana coiteann Eorpach chun feidhmiú mar thairseach sonraí lena n-éascófar rochtain ar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 ó na pointí rochtana náisiúnta éagsúla. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain éasca ar an bpointe rochtana coiteann Eorpach agus gur féidir le gach úsáideoir sonraí é a úsáid, mar shampla trí thairseach gréasáin thiomnaithe a chruthú.***

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ***22 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(a)*** ***mír 2 den Airteagal seo a leasú chun cineálacha sonraí breise a chur san áireamh a bhaineann le pointí athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha, ar pointí iad atá inrochtana don phobal, nó a bhaineann le seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an mbonneagar sin a sholáthraíonn nó a sheachfhoinsíonn oibreoirí an bhonneagair sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha nó seirbhísí nua a chuirtear ar fáil ar an margadh; agus***

***(b)*** ***an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais theicniúla choiteanna a leagan síos le haghaidh comhéadan coiteann feidhmchláir chun malartú uathoibrithe agus aonfhoirmeach sonraí a chumasú idir úsáideoirí sonraí agus oibreoirí pointí athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí malartacha, ar pointí iad atá inrochtana don phobal.***

***7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid a leanas:***

***(a) sonraíochtaí atá comhlántach leis na sonraíochtaí sin a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670, a bhaineann le formáid, minicíocht agus cáilíocht na sonraí ina ndéanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn mhír 6 den Airteagal seo a chur ar fáil;***

***(b) nósanna imeachta mionsonraithe lena gcumasaítear infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí a cheanglaítear de bhun an Airteagail seo.***

***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).***

***Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin gan dochar do Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.***

***8. Déanfar foráil sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 maidir le hidirthréimhsí réasúnta sula mbeidh na forálacha atá iontu, nó leasuithe a dhéanfar orthu, ina gceangal ar oibreoirí nó ar úinéirí pointí athluchtaithe agus pointí athbhreoslaithe i gcás breoslaí malartacha.***

[32] Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

Airteagal 21

Sonraíochtaí teicniúla coiteanna

1. ***Beidh feidhm*** ag na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in ***Iarscríbhinn II***.

2. I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a dhréachtú ina leagfar síos sonraíochtaí teicniúla do réimsí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus nach bhfuil aon sonraíochtaí teicniúla coiteanna glactha ag an gCoimisiún ina leith.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ***22*** chun an méid seo a leanas a chur i gcrích:

(a) ***Iarscríbhinn II a leasú trí*** shonraíochtaí teicniúla ***a thabhairt isteach le haghaidh na réimsí a liostaítear san Iarscríbhinn sin*** chun idir-inoibritheacht theicniúil iomlán an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a chumasú ó thaobh naisc fhisiciúla***, malartuithe cumarsáide agus rochtain do dhaoine de a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ó thaobh na réimsí sin de***; agus

(b) ***gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí 12 mhí tar éis ghlacadh na gcaighdeán ábhartha,*** Iarscríbhinn II a leasú trí na tagairtí do na caighdeáin dá dtagraítear sna sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta.

***4. I gcás ina bhfuil feidhm le bheith ag gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 i leith na mbonneagar atá ann cheana, beidh na gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar anailís costais is tairbhe a bheidh le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle in éineacht leis na gníomhartha tarmligthe sin.***

***5. I gcás ina bhforbraítear caighdeáin Eorpacha lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla breosla tar éis don Choimisiún gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 19(4), an dara fomhír, a ghlacadh, agus go bhfuil forálacha san áireamh leo lena gceanglaítear lipéadú chun léiriú a thabhairt ar chomhlíonadh leis na caighdeáin lena mbaineann agus go dtagraítear iontu do léiriú grafach, lena n-áirítear scéimeanna dathchódaithe, áireofar sna leasuithe ar Iarscríbhinn II arna nglacadh leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo léiriú ar cé na caighdeáin nó ar cé na gníomhartha cur chun feidhme sin a mbeidh feidhm acu agus, i gcás inarb iomchuí, a dhéanfaidh na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha a aisghairm.***

***6. Áireofar sna leasuithe ar Iarscríbhinn II arna nglacadh leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 idirthréimhsí réasúnta maidir le haon sonraíochtaí teicniúla a thugtar isteach nó a leasaítear leis na gníomhartha tarmligthe sin, agus ní bheidh siad ceangailteach i leith an bhonneagair lena mbaineann.***

Airteagal 22

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón ... ***[**dáta **teacht i bhfeidhm*** dá dtagraítear in Airteagal 26]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 19 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

***4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.***

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 20 agus 21 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 23

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 24

***Tuairisciú agus*** athbhreithniú

***1.*** Faoin 31 Nollaig ***2024***, cuirfidh an Coimisiún ***tuarascáil teicneolaíochta agus ullmhachta margaidh atá tiomnaithe d'fheithiclí tromshaothair faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil sin na tásca tosaigh maidir le fabhair an mhargaidh. Déanfar inti freisin forbairtí teicneolaíocha agus forbairt na sonraíochtaí teicniúla atá bainte amach faoin dáta sin agus forbairtí a bhfuiltear ag dréim leo sa ghearrthéarma a mheas, go háirithe maidir le caighdeáin agus teicneolaíochtaí athluchtaithe agus athbhreoslaithe, amhail caighdeáin athluchtaithe ardchumhachta agus córais bóithre leictreacha, agus úsáid hidrigine leachtaí.***

***Maidir le stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine, déanfaidh an Coimisiún measúnú sa bhreis ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 6 i bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta agus margaidh, an gá atá le toilleadh níos airde a shonrú do na stáisiúin sin, an gá atá le spriocanna a shonrú do bhonneagar athbhreoslaithe hidrigine leachtaí, chomh maith leis an dáta chun na ceanglais maidir le stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a imscaradh chuig an ngréasán cuimsitheach TEN-T a fhadú***.

2. ***Faoin 31 Nollaig 2026, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo.***

***Ina athbhreithniú, déanfaidh an Coimisiún measúnú, go háirithe, ar na gnéithe seo a leanas:***

***(a) i dtaobh an bhfuil na tairseacha tráchta dá dtagraítear in Airteagal 3(6) agus (7), in Airteagal 4(4) agus (5) agus in Airteagal 6(4) fós ábhartha i bhfianaise an mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar sciar na bhfeithiclí faoi thiomáint hidrigine nó feithiclí ceallra-leictreacha i gcomparáid leis an bhflít iomlán feithiclí atá i gcúrsaíocht san Aontas;***

***(b) i dtaobh an bhfuil na modhanna leictreonacha íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) fós iomchuí;***

***(c) feidhmiú an tsásra praghsála le haghaidh stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus i dtaobh an soláthraíonn na comhpháirteanna praghsála a leagtar síos in Airteagal 5(4), faisnéis shoiléir leordhóthanach do thomhaltóirí;***

***(d) laghdú féideartha ar an tairseach olltonnáiste, a leagtar síos in Airteagal 9, chomh maith leis an bhféidearthacht raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig cineálacha eile long tar éis coigeartuithe ábhartha a dhéanamh ar ghníomhartha dlí ábhartha eile an Aontais;***

*(e)* ***an staid reatha agus an fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar an margadh i gcás na heitlíochta hidrigine agus tiomána leictrigh;***

*(f)* ***éifeachtaí an Rialacháin seo maidir le hacmhainneacht agus méid an sceite carbóin.***

***Mar chuid den athbhreithniú sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar a mhéid atá bainte amach ó thaobh cuspóirí de ag cur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar a mhéid atá imeartha aige ó thaobh tionchair de ar iomaíochas na n-earnálacha ábhartha a chumhdaítear leis. Cumhdófar leis an athbhreithniú sin freisin idirghníomhú an Rialacháin seo le gníomhartha dlí ábhartha eile an Aontais agus sainaithneofar ann aon fhorálacha a d'fhéadfaí a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú, chomh maith le gníomhaíochtaí agus bearta atá déanta nó a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an brú costais iomlán ar earnálacha ábhartha a laghdú. Mar chuid d'anailís an Choimisiúin ar éifeachtúlacht an Rialacháin seo, áireofar san athbhreithniú freisin measúnú ar an ualach a fhorchuirtear ar ghnólachtaí leis an Rialachán seo.***

***3.*** ***Déanfaidh an Coimisiún a mheas, más iomchuí, an mbeidh togra chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an athbhreithniú sin, ag féachaint don toradh a bheidh ar an measúnú dá dtagraítear i mír 2.***

Airteagal 25

***Aisghairm***

1. ▌Déantar Treoir 2014/94/AE ***agus Rialacháin Tarmligthe (AE) 2019/1745 agus (AE) 2021/1444*** a aisghairm ***le héifeacht*** ón ... ***[***an dáta ***cur i bhfeidhm*** dá dtagraítear in Airteagal 26].

2. Déanfar na tagairtí do Threoir 2014/94/AE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 26

Teacht i bhfeidhm ***agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

***Beidh feidhm aige ón ... [6 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## Iarscríbhinn I

## Tuairisciú

Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil ***náisiúnta*** ar dhul chun cinn dá dtagraítear in Airteagal 15(1) den Rialachán:

1. socrú spriocanna

   (a) réamh-mheastacháin maidir le glacadh feithiclí an 31 Nollaig le haghaidh na mblianta 2025, 2030 agus 2035 i gcás:

   – feithiclí saothair éadroim, ar leithligh i gcás feithiclí ceallra-leictreacha saothair éadroim, feithiclí hibride inluchtaithe saothair éadroim agus feithiclí faoi thiomáint hidrigine saothair éadroim;

   – feithiclí tromshaothair, ar leithligh i gcás feithiclí ceallra-leictreacha tromshaothair agus feithiclí tromshaothair faoi thiomáint hidrigine;

   (b) spriocanna le haghaidh an 31 Nollaig 2025, ***2027,*** 2030, agus 2035 i gcás:

   – bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim: an líon stáisiún athluchtaithe agus an aschur cumhachta (aicmiú na stáisiún athluchtaithe de réir Iarscríbhinn III);

   – stáisiúin athluchtaithe a fhorbairt le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu***, más infheidhme***;

– bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair: an líon stáisiún athluchtaithe agus an t-aschur cumhachta;

– stáisiúin athluchtaithe a fhorbairt le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu***, más infheidhme***;

– stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine: líon na stáisiún athbhreoslaithe, toilleadh na stáisiún athbhreoslaithe agus an nascóir a sholáthraítear;

– stáisiúin athbhreoslaithe ar bhóithre ***le haghaidh meatáin leachtaithe***: líon na stáisiún athbhreoslaithe agus toilleadh na stáisiún;

– pointí athbhreoslaithe ***le haghaidh meatán leachtaithe*** ag calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T, lena n-áirítear an suíomh (calafort) agus an toilleadh in aghaidh an chalafoirt;

– soláthar leictreachais ***cois cladaigh*** ag calafoirt mhuirí den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T, lena n-áirítear suíomh beacht (calafort) agus toilleadh gach suiteála laistigh den chalafort;

– soláthar leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt uiscebhealaigh intíre den chroíghréasán TEN-T agus den ghréasán cuimsitheach TEN-T, lena n-áirítear suíomh (calafort) agus toilleadh;

– soláthar leictreachais le haghaidh aerárthaí ina stad, líon na suiteálacha in aghaidh an aerfoirt den chroíghréasán TEN-T nó an aerfoirt den ghréasán cuimsitheach TEN-T;

– spriocanna agus cuspóirí náisiúnta eile nach ann do spriocanna náisiúnta éigeantacha ar fud an Aontais ina dtaobh***, más iomchuí***. I gcás bonneagar breoslaí malartacha i gcalafoirt, in aerfoirt agus i gcás iarnróid, ní mór suíomh agus toilleadh/méid na suiteála a thuairisciú;

2. rátaí úsáide: i gcás na gcatagóirí faoi phointe 1(b), úsáid an bhonneagair sin a thuairisciú;

3. leibhéal bainte amach na ***spriocanna*** náisiúnta arna dtuairisciú chun breoslaí malartacha a chur in úsáid sna modhanna éagsúla iompair (bóthar, iarnród, uisce agus aer):

– leibhéal bainte amach na spriocanna maidir le himscaradh bonneagair dá dtagraítear i bpointe 1(b) i gcás na modhanna iompair uile ***is infheidhme***, go háirithe maidir le stáisiúin athluchtaithe, córas bóithre leictreacha (más infheidhme), stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine, soláthar leictreachais cois cladaigh i gcalafoirt mhuirí agus i gcalafoirt uiscebhealaigh intíre, buncaeireacht ***meatáin leachtaithe*** sna príomhchalafoirt mhuirí TEN-T, bonneagar breoslaí malartacha eile i gcalafoirt, soláthar leictreachais d'aerárthaí ina stad ▌;

– i gcás pointí athluchtaithe, lena sonraítear an cóimheas idir bonneagar poiblí agus bonneagar príobháideach;

– bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid laistigh de nóid uirbeacha;

***4.	an t-athbhreithniú ar na cásanna ina bhfuil úsáid bainte ag na Ballstáit as na maoluithe a leagtar síos in Airteagal 3, míreanna (6), (7) agus (8), Airteagal 4, míreanna (6), (7) agus (8) agus Airteagal 6, mír (4);***

5.	bearta dlíthiúla: faisnéis faoi bhearta dlíthiúla, a bhféadfadh bearta reachtacha, rialála nó riaracháin a bheith i gceist leo chun tacú le bonneagar breoslaí malartacha a fhorbairt, amhail ceadanna tógála, ceadanna áiteanna páirceála, deimhniú ar fheidhmíocht chomhshaoil gnólachtaí agus lamháltais maidir le stáisiún athluchtaithe agus ***athbhreoslaithe***;

6.	faisnéis faoi na bearta beartais lena dtacaítear le cur chun feidhme an chreata beartais náisiúnta, lena n-áirítear:

– dreasachtaí díreacha chun modhanna iompair a úsáideann breoslaí malartacha a cheannach nó chun an bonneagar a fhorbairt;

– infhaighteacht dreasachtaí cánach chun modhanna iompair a úsáideann breoslaí malartacha agus an bonneagar ábhartha a chur chun cinn;

– úsáid a bhaint as soláthar poiblí chun tacú le breoslaí malartacha, lena n-áirítear comhsholáthar;

– dreasachtaí neamhairgeadais de réir an éilimh, mar shampla rochtain fhabhrach ar limistéir theoranta, beartas páirceála agus lánaí tiomnaithe;

7. tacaíocht na hearnála poiblí i dtaca le cur in úsáid agus monarú, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

   – an buiséad poiblí bliantúil arna leithdháileadh chun bonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid, arna mhiondealú de réir an bhreosla mhalartaigh agus de réir an mhodha iompair (bóthar, iarnród, uisce agus aer);

   – an buiséad poiblí bliantúil arna leithdháileadh chun tacú le gléasraí monaraíochta le haghaidh teicneolaíochtaí breosla mhalartaigh, arna mhiondealú de réir breosla malartach [redacted];

   – aon riachtanais ar leith a chur san áireamh le linn na chéad chéime d’imscaradh bonneagair breoslaí malartacha;

8. taighde, forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh (RTD&D): an buiséad poiblí bliantúil arna leithdháileadh chun tacú le RTD&D ar bhreoslaí malartacha.

**Iarscríbhinn II**

**Sonraíochtaí teicniúla**

**1. Sonraíochtaí teicniúla maidir le soláthar leictreachais le haghaidh iompar de bhóthar**

1.1. Pointí athluchtaithe gnáthchumhachta le haghaidh mótarfheithiclí:

– maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh feithiclí leictreacha, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le hasraonta soicéid nó le nascóirí feithicle de Chineál 2 ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-2:2017.

1.2. Pointí athluchtaithe ardchumhachta le haghaidh mótarfheithiclí:

***– maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí an chomhchórais luchtaithe 'Combo 2', ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-3:2014***

– maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh feithiclí leictreacha, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle de Chineál 2 ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-2:2017;

– maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh busanna leictreacha, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí an chomhchórais luchtaithe 'Combo 2', ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-3:2014.

1.3. Pointí athluchtaithe le haghaidh mótarfheithiclí de chatagóir L:

***Na pointí athluchtaithe ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA), atá inrochtana don phobal agus atá curtha in áirithe d'fheithiclí de chatagóir L suas le 3,7 kW, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:***

***(a) asraonta soicéid nó le nascóirí feithicle de Chineál 3A ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-2:2017 (le haghaidh luchtú i Mód 3);***

***(b) asraonta soicéid atá i gcomhréir le IEC 60884-1:2002+A1:2006+A2:2013 (le haghaidh luchtú i Mód 1 nó Mód 2);***

1.4. ***Pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus*** pointí athluchtaithe ***ardchumhachta*** le haghaidh ***busanna leictreacha:***

– ***maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh busanna leictreacha, beidh siad feistithe le nascóirí feithicle de Chineál 2 ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-2:2017.***

– ***maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh busanna leictreacha, beidh siad feistithe le nascóirí an chomhchórais luchtaithe 'Combo 2' ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 62196-3:2014.***

1.5. ***Maidir le gaireas uathoibrithe comhéadain teagmhála le haghaidh busanna leictreacha a athluchtaítear gan sreang i mód 4, i gcomhréir le caighdeán EN 61851-23-1:2020, beidh sé feistithe le comhéadain mheicniúla agus leictreacha ar a laghad, mar a shainmhínítear i gcaighdeán EN 50696:2021, maidir leis an méid seo a leanas:***

– ***gaireas uathnasctha (ACD) atá suite ar an mbonneagar (pantagraf);***

– ***gaireas uathnasctha (ACD) atá suite ar dhíon na feithicle;***

– ***gaireas uathnasctha (ACD) atá suite faoin bhfeithicil;***

– ***gaireas uathnasctha atá suite ar an mbonneagar agus a nascann le taobh na feithicle nó atá suite ar dhíon na feithicle.***

1.6. Sonraíochtaí teicniúla maidir leis an nascóir chun feithiclí leictreacha tromshaothair a athluchtú (luchtú SD).

1.7. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach statach gan sreang le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí leictreacha saothair éadroim.

1.8. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach statach gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair.

1.9. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach dinimiciúil gan sreang le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí leictreacha saothair éadroim.

1.10. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach dinimiciúil gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair.

1.11. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach statach gan sreang le haghaidh busanna leictreacha.

1.12. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach dinimiciúil gan sreang le haghaidh busanna leictreacha.

1.13. Sonraíochtaí teicniúla maidir le córas bóithre leictreacha le haghaidh soláthar cumhachta dinimiciúil lastuas trí phantagraf le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair.

1.14. Sonraíochtaí teicniúla maidir le córas bóithre leictreacha le haghaidh soláthar cumhachta dinimiciúil ar leibhéal na talún trí ráillí seoltacha le haghaidh gluaisteáin leictreacha paisinéirí, feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair.

1.15. Sonraíochtaí teicniúla maidir le malartú ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha de chatagóir L.

1.16. Más indéanta ***go teicniúil***, sonraíochtaí teicniúla maidir le malartú ceallraí le haghaidh gluaisteáin leictreacha paisinéirí agus feithiclí leictreacha saothair éadroim.

1.17. Más indéanta ***go teicniúil***, sonraíochtaí teicniúla maidir le malartú ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair.

1.18. Sonraíochtaí teicniúla maidir le stáisiúin athluchtaithe chun rochtain d'úsáideoirí faoi mhíchumas a áirithiú.

**2. Sonraíochtaí teicniúla maidir le malartú cumarsáide in earnáil athluchtaithe na bhfeithiclí leictreacha**

2.1. Sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcumarsáid idir an fheithicil leictreach agus an pointe athluchtaithe (cumarsáid ó fheithicil go heangach).

2.2. Sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcumarsáid idir an pointe athluchtaithe agus córas bainistíochta an phointe athluchtaithe (cumarsáid chúil).

2.3. Sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcumarsáid idir oibreoir an phointe athluchtaithe, na soláthraithe seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta agus na hardáin ríomhfhánaíochta.

2.4. Sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcumarsáid idir oibreoir an phointe athluchtaithe agus na hoibreoirí córais dáilte.

**3. Sonraíochtaí teicniúla maidir le soláthar hidrigine le haghaidh feithiclí iompair de bhóthar**

3.1. Maidir le pointí athbhreoslaithe hidrigine lasmuigh lena ndáiltear hidrigin ghásach a úsáidtear mar bhreosla ar bord mótarfheithiclí, comhlíonfaidh siad, ***ar a laghad***, na ***ceanglais idir-inoibritheachta ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 17127:2020.***

3.2. Na ***saintréithe cáilíochta hidrigine*** a dháiltear le pointí athbhreoslaithe hidrigine ***le haghaidh mótarfheithiclí***, comhlíonfaidh siad na ***ceanglais ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN 17124:2022. Tugtar tuairisc sa chaighdeán freisin ar na modhanna chun a áirithiú go gcomhlíonfar cáilíocht na hidrigine***.

3.3. ***Comhlíonfaidh an t-algartam*** breoslaithe ***ceanglais chaighdeán EN 17127:2020***.

3.4. ***A luaithe a thabharfar próiseas deimhnithe chaighdeán EN ISO 17268:2020 i gcrích,*** comhlíonfaidh na nascóirí mótarfheithiclí le haghaidh athbhreoslú hidrigine gásaí an caighdeán sin ***ar a laghad***.

3.5. Sonraíochtaí teicniúla maidir le nascóirí le haghaidh pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh feithiclí tromshaothair.

3.6. Sonraíochtaí teicniúla maidir le nascóirí le haghaidh pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin leachtaithe le haghaidh feithiclí tromshaothair.

***4. Sonraíochtaí teicniúla maidir le meatán le haghaidh iompar de bhóthar***

***4.1. Maidir le pointí athbhreoslaithe gáis nádúrtha chomhbhrúite (CNG) le haghaidh mótarfheithiclí, comhlíonfaidh siad brú breoslaithe (brú seirbhíse) de leithead 20,0 MPa (200 bar) ag 15 °C. Ceadaítear uasbhrú breoslaithe 26,0 MPa ag a bhfuil 'cúiteamh teochta' i gcomhréir le caighdeán EN ISO 16923:2018.***

***4.2. Comhlíonfaidh próifíl an nascóra Rialachán Uimh. 110 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip lena dtagraítear do chodanna I agus II i gcaighdeán EN ISO 14469:2017.***

***4.3.*** ***Maidir le pointí athbhreoslaithe i gcás meatán leachtaithe le haghaidh mótarfheithiclí beidh siad i gcomhréir le brú breoslaithe atá níos ísle ná uasbhrú oibre incheadaithe umar na feithicle mar a luaitear i gcaighdeán EN ISO 16924:2018, 'Stáisiúin breoslaithe gáis nádúrtha – stáisiúin GNL le haghaidh feithiclí breoslaithe'. Ina theannta sin, comhlíonfaidh próifíl an nascóra caighdeán EN ISO 12617:2017 'Feithiclí bóthair – nascóir athbhreoslaithe gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) – nascóir 3,1 MPa'.***

**5. Sonraíochtaí teicniúla maidir le soláthar leictreachais le haghaidh iompar muirí agus loingseoireacht intíre**

5.1. Maidir le soláthar leictreachais cois cladaigh le haghaidh longa farraige, lena n-áirítear dearadh, suiteáil agus tástáil na gcóras, comhlíonfaidh sé, ***ar a laghad***, sonraíochtaí teicniúla chaighdeán EC/IEEE 80005-1:***2019/AMD1:2022***, a mhéid a bhaineann le naisc ardvoltais ▌ cois cladaigh ▌.

***5.2***. ***Maidir le plocóidí, asraonta soicéid agus cúplairí loinge le haghaidh nasc ardvoltais cois cladaigh, comhlíonfaidh siad, ar a laghad, sonraíocht theicniúil caighdeán IEC 62613-1:2019***

5.3. Maidir le soláthar leictreachais cois cladaigh le haghaidh soithí uiscebhealaigh intíre, comhlíonfaidh sé, ***ar a laghad, caighdeán EN 15869-2:2019 nó caighdeán EN 16840:2017 ag brath ar na riachtanais fuinnimh***.

5.4. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athluchtaithe ceallraí cois cladaigh le haghaidh soithí muirí, lena n-áirítear idirnascacht agus idir-inoibritheacht na gcóras le haghaidh soithí muirí.

5.5. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athluchtaithe ceallraí cois cladaigh le haghaidh soithí loingseoireachta intíre, lena n-áirítear idirnascacht agus idir-inoibritheacht na gcóras le haghaidh soithí loingseoireachta intíre.

5.6. Sonraíochtaí teicniúla maidir le comhéadain chumarsáide ó ***shoitheach go calafort*** i gcórais uathoibríocha soláthair cumhachta ar tír (OPS) agus i gcórais athluchtaithe ceallraí le haghaidh soithí muirí.

5.7. Sonraíochtaí teicniúla maidir le comhéadain chumarsáide ó ***shoitheach go calafort*** i gcórais uathoibríocha soláthair cumhachta ar tír (OPS) agus i gcórais athluchtaithe ceallraí le haghaidh soithí loingseoireachta intíre.

5.8. Más indéanta go teicniúil, sonraíochtaí teicniúla maidir le malartú agus athluchtú ceallraí ag stáisiúin ar tír le haghaidh soithí loingseoireachta intíre.

**6. Sonraíochtaí teicniúla maidir le buncaeireacht hidrigine le haghaidh iompar muirí agus loingseoireacht intíre**

6.1. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh soithí muirí faoi thiomáint hidrigine.

6.2. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh soithí loingseoireachta intíre faoi thiomáint hidrigine.

***6.3. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair hidrigin leachtach le haghaidh soithí muirí faoi thiomáint hidrigine.***

***6.4. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair hidrigin leachtach le haghaidh soithí loingseoireachta intíre faoi thiomáint hidrigine.***

**7. Sonraíochtaí teicniúla maidir le buncaeireacht i gcomhair meatánól le haghaidh iompar muirí agus loingseoireacht intíre**

7.1. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair ▌ meatánól le haghaidh soithí muirí faoi thiomáint meatánóil.

7.2. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair ▌ meatánól le haghaidh soithí loingseoireachta intíre faoi thiomáint meatánóil.

**8. Sonraíochtaí teicniúla maidir le buncaeireacht i gcomhair amóinia le haghaidh iompar muirí agus loingseoireacht intíre**

8.1. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair ▌ amóinia le haghaidh soithí muirí faoi thiomáint amóinia.

8.2. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe agus buncaeireacht i gcomhair ▌ amóinia le haghaidh soithí loingseoireachta intíre faoi thiomáint amóinia.

***9. Sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athbhreoslaithe meatáin leachtaithe le haghaidh iompar muirí agus loingseoireacht intíre***

9.1. Maidir le pointí athbhreoslaithe ***i gcomhair meatán leachtaithe le haghaidh longa farraige, nach gcumhdaítear leis an gCód Idirnáisiúnta um Thógáil agus Trealamh Long a Iompraíonn Gáis Leachtaithe i mBulc (Cód IGC),*** comhlíonfaidh siad, ***ar a laghad, caighdeán EN ISO 20519:2017***.

9.2. ***Maidir le pointí athbhreoslaithe i gcomhair meatán leachtaithe le haghaidh soithí uiscebhealaigh intíre***, comhlíonfaidh siad, ***ar a laghad, caighdeán EN ISO 20519:2017 (codanna 5.3 go 5.7) chun críoch idir-inoibritheachta amháin***.

▌

**10. Sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le lipéadú breoslaí**

10.1. Maidir leis an lipéad 'Breoslaí - Sainaithint comhoiriúnachta feithicle - Léiriú grafach le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí' comhlíonfaidh sé caighdeán EN 16942:2016+A1:2021.

10.2. Maidir leis an lipéad 'Sainaithint comhoiriúnachta feithiclí agus bonneagar - Léiriú grafach le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí maidir le soláthar cumhachta EV' comhlíonfaidh sé, ***ar a laghad***, caighdeán EN 17186***:2019***.

10.3. An mhodheolaíocht choiteann chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna aonaid breoslaí malartacha a leagtar amach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/732 ón gCoimisiún[33].

***10.4. Sonraíochtaí teicniúla maidir le stáisiúin athluchtaithe leictreacha agus saoráidí athbhreoslaithe hidrigine le haghaidh iompar d'iarnród.***

[33] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/732 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2018 maidir le modheolaíocht coiteann chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna aonaid breoslaí malartacha i gcomhréir le Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 123, 18.5.2018, lch. 85).

# Iarscríbhinn III

## Ceanglais tuairiscithe maidir le feithiclí leictreacha agus bonneagar athluchtaithe atá inrochtana don phobal a imscaradh

1. Ní mór do na Ballstáit a dtuairisciú ar imscaradh feithiclí leictreacha a chatagóiriú mar seo a leanas:

   – feithiclí ceallra-leictreacha, ar leithligh i gcás chatagóirí $M_1$, $N_1$, $M_{2/3}$ agus $N_{2/3}$

   – feithiclí hibride inluchtaithe, ar leithligh i gcás chatagóirí $M_1$, $N_1$, $M_{2/3}$ agus $N_{2/3}$

2. Ní mór do na Ballstáit a dtuairisciú maidir le himscaradh pointí athluchtaithe atá ***inrochtana don phobal*** a aicmiú mar seo a leanas:

| **Catagóir** | **Fochatagóir** | **Aschur uasta cumhachta** | **Sainmhíniú de bhun Airteagal 2 den Rialachán seo** |
|---|---|---|---|
| Catagóir 1 (SA) | Pointe athluchtaithe mall, SA, aonchéim | P < 7,4 kW | Pointe athluchtaithe gnáthchumhachta |
| | Pointe athluchtaithe faoi mheánluas, SA, tríchéim | 7,4 kW ≤ P ≤ 22 kW | |
| | Pointe athluchtaithe tapa, SA, tríchéim | P > 22 kW | Pointe athluchtaithe ardchumhachta |
| Catagóir 2 (SD) | Pointe athluchtaithe mall, SD | P < 50 kW | |
| | Pointe athluchtaithe tapa, SD | 50 kW ≤ P < 150 kW | |
| | Leibhéal 1 - Pointe athluchtaithe sárthapa, SD | 150 kW ≤ P < 350 kW | |
| | Leibhéal 2 - Pointe athluchtaithe sárthapa, SD | P ≥ 350 kW | |

3. Ní mór na sonraí seo a leanas a sholáthar ar leithligh le haghaidh bonneagar athluchtaithe ***atá inrochtana don phobal*** agus atá tiomnaithe d'fheithiclí saothair éadroim agus d'fheithiclí tromshaothair:

   – líon na bpointí athluchtaithe, atá le tuairisciú le haghaidh gach ceann de na catagóirí faoi phointe 2;

   – líon na stáisiún athluchtaithe, atá le tuairisciú le haghaidh gach ceann de na catagóirí faoi phointe 2;

– iomlán comhiomlánaithe aschuir cumhachta na stáisiún athluchtaithe ▌.

## Iarscríbhinn IV

### Tábla comhghaoil

| Treoir 2014/94/AE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| ▌ | ▌ |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| ***Airteagal 4*** | Airteagal 3 |
| ***Airteagal 4*** | Airteagal 4 |
| Airteagal 4 | Airteagal 5 |
| ***Airteagal 5*** | Airteagal 6 |
| - | Airteagal 7 |
| Airteagal 6 ▌ | Airteagal 8 |
| ***Airteagal 4*** | Airteagal 9 |
| ***Airteagal 4*** | Airteagal 10 |
| Airteagal 6 ▌ | Airteagal 11 |
| - | Airteagal 12 |

| | |
|---|---|
| ***-*** | ***Airteagal 13*** |
| Airteagal 3 | Airteagal 14 |
| Airteagal 10 | Airteagal 15 ▌ |
| ***Airteagal 10*** | ***Airteagal 16*** |
| | ***Airteagal 17*** |
| | ***Airteagal 18*** |
| Airteagal 7 | Airteagal 19 |
| - | Airteagal 20 |
| - | Airteagal 21 |
| Airteagal 8 | Airteagal 22 |
| Airteagal 9 | Airteagal 23 |
| ***Airteagal 10*** | Airteagal 24 |
| ▌ | Airteagal 25 |
| Airteagal 12 | Airteagal 26 |
| ***Airteagal 11*** | - |

| | |
|---|---|
| ***Airteagal 13*** | - |
| ***Iarscríbhinn I*** | ***Iarscríbhinn I*** |
| ***Iarscríbhinn II*** | ***Iarscríbhinn II*** |
| **-** | ***Iarscríbhinn III*** |